# DRÉACHTPHLEAN IOMPAIR LÁR CHATHAIR
# BHAILE ÁTHA CLIATH 2023



Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Jacobs



# 00 CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| 01. Réamhrá | 4 |
| 02. Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath (2022-2028) a chur i bhfeidhm | 7 |
| 03. Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2022-42 a chur chun feidhme | 10 |
| 04. Athruithe i gCathair Bhaile Átha Cliath ó bhí 2016 ann | 12 |
| 05. Dúshláin roimh Iompar i Lár na Cathrach | 16 |
| 06. Fís agus Cuspóirí | 17 |
| 07. An Plean a Fhorbairt | 18 |
| 08. Moltaí Bainistíochta Tráchta Lár na Cathrach | 22 |
| 09. Deiseanna sa Ríocht Phoiblí | 24 |
| 10. An Chathair agus Trácht | 46 |
| 11. Cathair an Iompair Phoiblí | 48 |
| 12. An Chathair agus Tacsaithe | 51 |
| 13. Cathair an tSiúil | 52 |
| 14. Cathair na Rothaíochta | 54 |
| 15. Cathair na Soghluaisteachta Amach Anseo | 56 |
| 16. An Chathair um Chomhionannas | 58 |
| 17. An Chathair do Chónaitheoirí | 59 |
| 18. An Chathair Ghnó | 60 |
| 19. Cathair na gCuairteoirí | 61 |
| 20. Cathair an Spáis Phoiblí | 62 |
| 21. Measúnacht Timpeallachta | 63 |
| 22. Monatóireacht | 66 |
| 23. Tairbhí an Phlean | 67 |
| 24. Soláthar | 68 |




# 01 RÉAMHRÁ

## 1.1 Cuspóir an Phlean seo

Is é an cuspóir atá le Plean Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath (An “plean”) ná athruithe ar na socruithe iompair reatha a aithint agus a chur in ord tosaíochta atá riachtanach chun an fhís don Chathair mar áit inbhuanaithe, dhinimiciúil agus chuimsitheach a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath (an “Plean Forbartha”).

Éascaíonn an plean freisin cur i bhfeidhm Straitéis Iompair an ÚNI do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2022-42 (an “Straitéis Iompair”) trí chreat níos mionsonraithe a sholáthar chun freastal ar líon i bhfad níos airde daoine a bhíonn ag taisteal isteach i Lár na Cathrach, go háirithe le hiarnród, bus, ar rothair agus ag siúl.

Ón mbliain 2016, rinneadh infheistíocht shuntasach i dtionscadail iompair i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear Luas Traschathrach agus feabhsuithe ar an líonra rothaíochta. Méadófar an caiteachas seo go han-tapa de réir mar a réadófar mórthionscadail bhonneagair sna deich mbliana atá amach romhainn.

Cé go soláthróidh MetroLink agus leathnuithe amach anseo ar an líonra Luas feabhsuithe suntasacha acmhainne, cuirfidh rolladh amach BusConnects agus DART+ thar thréimhse an phlean seo méadú mór ar acmhainn iompair phoiblí. Táthar ag tuar freisin go gcuirfidh infheistíocht i scéimeanna taistil ghníomhaigh feabhas suntasach ar an tairiscint do choisithe, do dhaoine ar rothaí agus do rothaithe.

Déanfaidh na tionscadail seo, a bhfuil cuid acu ar siúl cheana féin, athrú bunúsach ar an soláthar iompair phoiblí, siúlóide agus rothaíochta sa chathair. Ar aon dul leis seo, beidh gá le hathrú ó na socruithe iompair reatha i Lár na Cathrach chun na tionscadail seo a chur i bhfeidhm, go háirithe maidir le conas trácht a bhainistiú.

Eascraítear deiseanna nua mar gheall ar na hathruithe molta seo, agus cuireann athchumrú na líonraí iompair laistigh de Lár na Cathrach deis ar fáil lena fhiosrú conas is féidir áiteanna a athrú chun leasa na cathrach. Aithníonn an plean seo cuid de na spásanna nua seo, agus tairgeann sé samplaí maidir le conas a d’fhéadfaidís forbairt ina phointí fócais nua do Bhaile Átha Cliath.

Samhlaíonn an plean seo lár na cathrach nua le trácht íseal ina dtugtar níos mó spáis do na modhanna inbhuanaithe agus le naisc iompair phoiblí agus acomhail rialta agus éifeachtacha.

Trí Lár na Cathrach a atreorú i dtreo modhanna iompair inbhuanaithe, ligfidh an Plean do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath na spriocanna comhroinnte modha don bhliain 2028 atá leagtha amach sa Phlean Forbartha a bhaint amach, chomh maith le tacú le hiarrachtaí na Comhairle an cuspóir náisiúnta a bhaint amach maidir le hastuithe ó iompar a laghdú le 50% faoin mbliain 2030 i gcomhréir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023.




Fíor 1.1 – Turais iompair phoiblí ag dul isteach i dtródam na canála 7-10am



## 1.2 Plean Iompair Lár na Cathrach 2016 a nuashonrú

Sa bhliain 2016, d'fhoilsigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC), i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), Staidéar Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, a leag amach creat le haghaidh chur i bhfeidhm bainistithe tionscadal iompair ar fud Lár Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhréir le fís agus cuspóirí Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath agus Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 de chuid an ÚNI ar glacadh leis le déanaí.

Tá an creat atá leagtha amach sa staidéar roimhe seo cuimsithe i bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath reatha (2022-2028), ach bhí nuashonrú comhfhreagrach ar Staidéar Iompair Lár na Cathrach 2016 ag teastáil ó bheartais agus cuspóirí nua an Phlean Forbartha. Ag teacht leis sin, éilíonn Cuspóir an Phlean Forbartha SMT05 ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:

*"Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Iompair Lár na Cathrach 2016 i gcomhar leis an ÚNI le linn shaolré an phlean, ag leagan amach straitéis shoiléir chun tosaíocht a thabhairt do mhodhanna taistil gníomhacha agus d'úsáid iompair phoiblí, agus ag an am céanna comhtháthú an ríocht phoiblí ar ardchaighdeán a áirithiú."*

## 1.3 Limistéar an Phlean

Chun an plean a fhorbairt, sainaithníodh limistéar staidéir atá ailínithe go garbh leis an limistéar atá teorannaithe go ginearálta ag an gCanáil Ríoga agus ag an gCanáil Mhór. Tá daonra de thart ar 130,000 cónaitheoir sa chuid lárnach seo de Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá thart ar 195,000 post ann, chomh maith le héagsúlacht d'úsáidí talún éagsúla, de leibhéil ghníomhaíochta agus d'inrochtaineacht.

Laistigh den limistéar staidéir níos leithne seo, áfach, ba léir le linn na gcéimeanna tosaigh d'fhorbairt an phlean go raibh an fócas ag bogadh i dtreo lár na cathrach a bhí níos lárnaí. Gabhann an Croílár Istigh seo na nithe is mó a mheallann daoine sa chathair, go háirithe maidir le miondíol, fostaíocht, saol oíche, chomh maith le comhchruinniú institiúidí cultúrtha, oideachais agus rialtais a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo. Léiríodh in anailís ar shonraí taistil atá ann cheana féin, cé gur príomhcheann scríbe é an croílár seo do dhaoine a thagann isteach sa chathair, go bhfuil cuid mhór den trácht gluaisteán príobháideach ag taisteal tríd. Maidir leis sin, bhí ceann scríbe atá lasmuigh den chroílimistéar seo ag 6 ghluaisteán as gach 10 ngluaisteán a bhí ag tiomáint isteach sa Chroílár Istigh sin.

Léirítear an limistéar staidéir iomlán, agus limistéar Phlean an Chroílár Istigh i bhFíor 1.2



Tugann an Plean Iompair seo éifeacht áitiúil do na beartais náisiúnta seo a leanas do Lár Chathair Bhaile Átha Cliath:

- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023;
- Beartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe; agus
- An Creat Infheistíochta Náisiúnta um Iompar in Éirinn.

Tugtar sonraí breise sna doiciméid chúlra a fhoilsítear taobh leis an doiciméad seo.




Fíor 1.2 Limistéar Plean Lár na Cathrach

# 02 PLEAN FORBARTHA CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH (2022-2028) A CHUR I BHFEIDHM

**Seo a leanas fís an Phlean Forbartha do Bhaile Átha Cliath:**

*"Sna 10 mbliana atá amach romhainn, beidh cáil idirnáisiúnta ar Bhaile Átha Cliath mar cheann de na réigiúin chathrach is inbhuanaithe, is dinimiciúla agus is acmhainní san Eoraip. Beidh Baile Átha Cliath, trí chomhfhís a saoránach agus a ceannairí sibhialta, ina cathair álainn, dhlúth. Beidh carachtar sainiúil aici agus cultúr bríomhar, agus beidh geilleagar ilghnéitheach, cliste, glas aici a bheidh bunaithe ar nuálaíocht. Cathair chuimsitheach go sóisialta a bheidh inti de chomharsanachtaí uirbeacha ina mbeidh bonneagar pobail agus cathartha den scoth bunaithe ar phrionsabail na cathrach 15 nóiméad, gach ceann acu ceangailte ag córas iompair phoiblí, rothaíochta agus siúil den scoth agus fite fuaite le líonra de spás glas bithéagsúlachta ar ardchaighdeán. Go hachomair, is í an fhís go mbeidh príomhchathair againn ina mbeidh daoine ag iarraidh cónaí, oibriú, taithí a fháil, infheistíocht a dhéanamh agus caidreamh sóisialta a bheith mar rogha acu inti."*

## 2.1 Tosaíochtaí an Phlean Forbartha

Aithníonn Lár na Cathrach beartais agus tionscadail a chuideoidh le cur i bhfeidhm beartas agus cuspóirí iompair Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath, laistigh de limistéar Lár na Cathrach. Go tábhachtach, tacaíonn torthaí an phlean freisin le soláthar an iliomad beartas eile sa Phlean Forbartha, lena n-áirítear cáilíocht an aeir a fheabhsú, tionchair an torainn a laghdú, agus an oidhreacht thógtha a chosaint.

Go sonrach, cruthaíonn Plean Iompair Lár na Cathrach cur i bhfeidhm na mbeartas seo a leanas sa Phlean Forbartha um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Iompar, agus na cuspóirí a bhaineann leo:

SMT1 – Aistriú Módúil agus Dlúthfhás
SMT2 – Iompar a Dhícharbónú
SMT3 – Líonra Comhtháite Iompair
SMT8 – Feabhsuithe ar an Ríocht Phoiblí
SMT11 – Líonra Coisithe
SMT12 – Coisithe agus an Ríocht Phoiblí
SMT14 – Spás Bóithre Lár na Cathrach
SMT15 – Seachadadh an Mhíle Deiridh
SMT16 – Siúl, Rothaíocht agus Taisteal Gníomhach
SMT18 – An Timpeallacht Coisithe
SMT22 – Príomhthionscadail Iompair Inbhuanaithe
SMT25 – Páirceáil ar an tSráid
SMT28 – Athúsáid Carrchlós Il-Stórach

Soláthraíonn Plean Iompair Lár na Cathrach sonraí freisin mar thaca, inter alia, leis na beartais Phlean Forbartha seo a leanas:

SC1 – Comhdhlúthú na Cathrach Istigh
SC2 – Carachtar na Cathrach
SC10 – Dlús Uirbeach
SC11 – Dlúthfhás
QHSN4 – Príomhlimistéir Athghiniúna
QHSN6 – Comhdhlúthú Uirbeach
QHSN10 – Cathair 15 Nóiméad
CEE26 – Turasóireacht i mBaile Átha Cliath
CCUV15 – Príomhlimistéar Siopadóireachta
CCUV17 – Lár na Cathrach a Éagsúlú
CCUV18 – Forbairt Cónaithe
CCUV19 – Páirceáil agus an Croí Miondíola
CCUV42 – Ríocht Phoiblí – Lár na Cathrach
SI34 – Cáilíocht an Aeir a Bhainistiú

Le chéile, tugann na beartais seo treoir shoiléir maidir le forbairt úsáide talún agus bainistiú gach modh iompair i Lár na Cathrach. Go háirithe, tá treoir shoiléir ón bPlean Forbartha gur gá trácht feithiclí i Lár na Cathrach a bhainistiú. In éineacht leis seo, tá béim athnuaite ar an ngá atá le soláthar níos fearr a dhéanamh do mhodhanna taistil inbhuanaithe le hacmhainn níos airde, le taisteal gníomhach agus le seirbhís níos éifeachtaí a dhéanamh ar éagsúlacht na ngníomhaíochtaí gnó, tráchtála agus cultúrtha laistigh den chathair.

## 2.2 Spriocanna Comhroinnte Módha

Áiríonn an Plean Forbartha spriocanna comhroinnte modha le haghaidh taistil go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá na spriocanna sin bunaithe ar Áirimh Thródaim na Canálach a dhéantar gach bliain agus a bhaineann le taisteal isteach sa lár le linn buaicthréimhse 3 huaire na maidine.

Taispeántar i bhFíor 2.1 thíos na spriocanna comhroinnte modha Thródam na Canálach don bhliain 2028, mar atá leagtha amach sa Phlean Forbartha.

Tá an t-athrú is mó atá ag teastáil sa chatagóir Gluaisteán / Tacsaithe / Earraí áit a bhfuil laghdú 40% ar an leibhéal comhroinnte modha reatha spriocdhírithe sa Phlean Forbartha, agus an laghdú ag titim go príomha ar an ngluaisteán príobháideach, mar is dócha go dtiocfadh fás ar an éileamh ar thacsaithe agus ar earraí sna blianta atá amach romhainn. Chun na spriocanna seo a bhaint amach beidh gá le sráideanna Lár na Cathrach a atreorú i dtreo modhanna inbhuanaithe iompair.




Fíor 2.1 – Sprioc Toradh Plean Forbartha 2028

**SMT1:**
Tá sé mar Bheartas ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath leanúint ar aghaidh le haistriú modha a chur chun cinn ó úsáid gluaisteán príobháideach i dtreo úsáid mhéadaithe a bhaint as cineálacha iompair níos inbhuanaithe amhail soghluaisteacht ghníomhach agus iompar poiblí, agus oibriú leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus gníomhaireachtaí iompair eile maidir le sraith chomhtháite cuspóirí iompair a chur chun cinn chun dlúthfhás a bhaint amach.

**SMT8:**
Tá sé mar Bheartas ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tacú le feabhsuithe ar an ríocht phoiblí a chuireann le cruthú áite agus le hinmhaireachtáil agus a thugann tosaíocht do choisithe de réir Straitéis Ríochta Poiblí Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ('Do Chathair – Do Spás'), Máistirphlean Ríochta Poiblí do Chroí na Cathrach (Croílár na Cathrach), Plean Ríochta Poiblí Cheathrú Shráid Grafton agus pleananna ríochta poiblí atá le teacht, amhail iad siúd d'Fhorbairt Cheathrú an Chultúir, Cearnóg Parnell agus do Limistéar Margaí na Cathrach.

**SMT14:**
Tá sé mar Bheartas ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath spás bóithre Lár na Cathrach a bhainistiú chun aghaidh a thabhairt ar an mbealach is fearr ar riachtanais coisithe agus rothaithe, iompair phoiblí, modhanna comhroinnte agus an ghluaisteáin phríobháidigh, go háirithe mar a bhfuil crosbhealaí idir DART, Luas agus Metrolink agus leis an líonra bus atá ann cheana agus é sin atá beartaithe.

**SMT15:**
Tá sé mar Bheartas ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath féachaint le laghdú suntasach a bhaint amach ar líon na bhfeithiclí seachadta mótair sa Chathair trí thacú le húsáid sheachadadh 'an mhíle deiridh' trí mhicri-mhoil agus ionaid dáileacháin a fhorbairt.

**SMT16:**
Tá sé mar Bheartas ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt áiseanna siúil agus rothaíochta atá sábháilte agus nasctha agus tús áite a thabhairt d'aistriú chuig taisteal gníomhach do dhaoine de gach aois agus de gach cumas, de réir spriocanna comhroinnte modha na cathrach.

**SMT25:**
Tá sé mar Bheartas ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath páirceáil ar an tsráid a bhainistiú chun freastal ar riachtanais na cathrach mar aon le riachtanais na gcónaitheoirí, na gcuairteoirí, na gcuideachtaí, na gníomhaíochta cois cosáin agus ar na riachtanais pháirceála inrochtana, agus chun atheagrú agus cailleadh spásanna a éascú chun freastal ar spriocanna forbartha inbhuanaithe amhail iad siúd a bhaineann le soláthar iompair inbhuanaithe, tionscnaimh ghlasaithe, draenáil inbhuanaithe uirbeach, rochtain ar fhorbairtí nua, nó feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí.

**CCUV24:**
Tá sé mar Bheartas ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath bogadh go timpeallacht íseal tráchta go ginearálta agus méadú a dhéanamh ar líon na spásanna saor ó thrácht a chuirtear ar fáil i lár na cathrach thar shaolré an Phlean chomh maith le limistéir ríochta poiblí ardchaighdeáin nua a chruthú nuair is féidir, ag cur san áireamh an cuspóir maidir le rochtain ar iompar poiblí, siúl agus rothaíocht a fheabhsú, agus laistigh de lár na cathrach araon.



# 03 STRAITÉIS IOMPAIR DO MHÓRCHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH 2022-42 A CHUR CHUN FEIDHME

**Tá na beartais agus na tionscadail a shainaithnítear sa phlean seo beartaithe chun na hathruithe riachtanacha a sholáthar do thimpeallacht Lár na Cathrach, chun soláthar agus feidhmiú fadtéarmach na mórthionscadal iompair phoiblí atá leagtha amach sa Straitéis Iompair a éascú. Tabharfaidh an plean breac-chuntas ar an gcreat chun leibhéal infheistíochta gan fasach a chur i bhfeidhm i dtaisteal gníomhach laistigh de Lár Chathair Bhaile Átha Cliath.**



## 3.1 Tosaíochtaí Straitéis Iompar

Aithníonn an plean tosaíochtaí agus cuspóirí a chuideoidh le cur i bhfeidhm roinnt príomhbheart ón Straitéis Iompair. Tá sé ríthábhachtach na bearta seo a sholáthar chun go n-éascófar do líon níos mó daoine a bhíonn ag taisteal isteach i Lár na Cathrach ar mhodhanna iompair inbhuanaithe. Áirítear na nithe seo a leanas:

- CYC1 – Líonra Rothaíochta MCBÁC.
- BUS1 – Clár na Conaire Bus Lárnaí
- BUS4 – Líonra Seirbhíse Bus nua do Cheantar Bhaile Átha Cliath
- LRT1 – MetroLink
- RAIL1 – DART+

Faoin mbliain 2030, éascóidh an teaglaim de thionscadail mhóra iompair méadú suntasach ar líon na ndaoine a bhíonn ag taisteal isteach i Lár na Cathrach gach lá ar iompar poiblí. Méadóidh na hathruithe ar sheirbhís BusConnects an acmhainn ar fud an Cheantair Uirbigh le thart ar 25% agus beidh Lár na Cathrach fós mar fhócas don líonra seo. Méadóidh DART+ Thiar an acmhainn ó 5,000 paisinéir in aghaidh na huaire go 13,500 agus DART+ Thiar Theas ó 5,000 go 20,000.

Éascaíonn an plean bearta eile Straitéise Iompair freisin mar chláir Thicéadaithe don Chéad Ghlúin Eile, Theicneolaíochta Iompair agus Athraithe Iompraíochta agus gheofar tacaíocht ó na cláir sin, rud a chuideoidh le soláthar na n-athruithe suntasacha seo ar an gcaoi a ngluaiseann daoine agus a gcónaíonn siad i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Chomh maith leis an méid thuas, tá go leor beartas agus cuspóirí eile ag CCBÁC agus ÚNI, mar chaighdeáin pháirceála, táillí páirceála san ionad oibre agus bearta bainistíochta éileamh eile atá ag teacht chun cinn, a mbeidh tionchar díreach acu ar an gcóras iompair i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Cé nach dtugann an plean seo aghaidh ar na saincheisteanna seo go léir go sonrach, cuireann sé comhthéacs ar fáil maidir le socruithe nua iompair a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn agus mar thaca leis na bearta beartais níos leithne a sholáthar amach anseo.

Cé go bhfáiltítear roimh chomhchruinniú na hinfheistíochta in iompar poiblí i lár na cathrach, tá dúshláin shuntasacha ag baint leis na scéimeanna seo, mar aon le tionscadail taistil ghníomhaigh iomadúla, maidir lena áirithiú gur féidir le seirbhísí iompair phoiblí ard-mhinicíochta agus ard-acmhainne a oibriú go héifeachtach. Tugann siad deis iontach freisin don chathair a athrú ó bhonn agus an fhís atá leagtha amach ag na comhaltaí tofa i bPlean Forbartha na Cathrach a bhaint amach.

Ní féidir, áfach, scála agus nádúr na dtionscadal seo go léir a chomhlíonadh laistigh den líonra bóithre atá ann faoi láthair gan athruithe radacacha a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn an líonra tráchta ginearálta laistigh den Chroílár Istigh.

**Beart CYC1 – Líonra Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath**

Is é rún an Ú NI agus na húdaráis áitiúla é líonra rothaíochta atá idir shábháilte, chuimsitheach, tharraingteach agus inléite a sholáthar de réir mar atá sonraithe i Líonra uasdátaithe Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

**Beart BUS1 – Clár na Conaire Bus Lárnaí**

Faoi réir ag na ceadanna reachtúla a bheith faighte, is é rún an ÚNI é na 12 Chonair Bus Lárnach a chur chun feidhme mar atá leagtha amach i gclár Bhaile Átha Cliath BusConnects.

**Beart BUS4 – Líonra Seirbhíse Bus Nua do Cheantar Bhaile Átha Cliath**

Tá sé beartaithe ag an ÚNI soláthar Líonra Seirbhíse Bus Nua do Cheantar Bhaile Átha Cliath a thabhairt chun críche sa bhliain 2024.

**Beart LRT1 - MetroLink**

Cuireadh an t-iarratas ar Ordú Iarnróid le haghaidh Metrolink faoi bhráid An Bord Pleanála sa bhliain 2022. Faoi réir faofa a fháil, tá sé beartaithe dul ar aghaidh le tógáil an tionscadail.

**Beart RAIL1 – DART+**

Cuirfear an Clár DART+ i bhfeidhm, ag cur seirbhísí leictrithe ar fáil do Dhroichead Átha sa tuaisceart agus do Mhaigh Nuad agus Cill Droichid san iarthar, chomh maith le leibhéal feabhsaithe seirbhíse do na Clocha Liatha. Áireofar leis an gclár flít breise, ailínithe le héileamh níos airde ó phaisinéirí, agus minicíocht seirbhíse níos airde ar gach líne.



# 04 ATHRUITHE I GCATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH Ó BHÍ 2016 ANN

**Ó foilsíodh Staidéar Lár Chathair Bhaile Átha Cliath 2016, rinneadh roinnt athruithe suntasacha, ní hamháin maidir le soláthar fisiciúil iompair agus úsáid talún laistigh de Chathair Bhaile Átha Cliath, ach freisin maidir leis an mBeartas agus leis an gcomhthéacs sóisialta. Ní mór na fachtóirí sin go léir a mheas sa phlean.**



## 4.1 Athruithe ar Bheartas Iompair

**Gníomhú ar son na hAeráide**
Sa tréimhse ón mbliain 2016, tá dul chun cinn déanta ar roinnt réimsí beartais ar fud na n-earnálacha iompair agus pleanála. Ba é an ceann is tábhachtaí, áfach, ná ionchorprú de réir a chéile ar Athrú Aeráide mar shaincheist shainithe a gcaithfidh gach gníomhaireacht Rialtais ag gach leibhéal aghaidh a thabhairt uirthi trí na Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide, inar leagadh amach sprioc chun astaíochtaí iompair a laghdú le 50% go náisiúnta.

Ag croí an phlean seo, a tháinig chun cinn ón bPlean Forbartha agus ón Straitéis Iompair, tá cruthú córais iompair a chuideoidh le Lár Chathair Bhaile Átha Cliath a bheith ina limistéar uirbeach neodrach.

Breathnófar ar an dul chun cinn ar fad maidir le pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair sa chomhthéacs sin.

**Tosaíochtaí Beartais Iompair agus Forbartha a Athrú**
Bunaithe ar bheartais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, mar atá sonraithe sa tuarascáil Cúlra Beartais a ghabhann leis, is féidir achoimre a dhéanamh ar na tosaíochtaí d'infheistíocht iompair i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath mar seo a leanas:

- Cur i bhfeidhm an Ordlathais Úsáideoirí Bóthair agus modhanna inbhuanaithe á gcur ag an mbarr;
- Úsáid a bhaint as Tréscaoilteacht Scagtha a sholáthraíonn líonraí iompair ina gceadaítear gluaiseacht iomlán agus rochtain iomlán ag modhanna inbhuanaithe agus ag feithiclí earraí, agus rochtain i ngluaisteáin phríobháideacha á bainistiú;
- Cathair dírithe ar dhaoine a fhorbairt a leagann béim ar chruthú áite agus ar tharraingteacht na ríochta poiblí;
- Comhdhlúthú na forbartha chun cathair a chruthú ina gcónaíonn níos mó daoine níos gaire do na seirbhísí a theastaíonn uathu, lena n-áirítear fostaíocht, siopaí agus áiteanna cultúrtha a mbíonn an-tóir orthu; agus
- Freastal ar fhorbairt amach anseo i Lár na Cathrach.

## 4.2 Scéimeanna Iompair a sholáthar ón mbliain 2016

Rinneadh méid suntasach athruithe laistigh de Chathair Bhaile Átha Cliath, maidir le bonneagar iompair agus forbairtí úsáide talún ó foilsíodh an Staidéar Iompair Lár na Cathrach sa bhliain 2016, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Luas Traschathrach a sholáthar;
- Seirbhísí paisinéirí trí Thollán Pháirc an Fhionnuisce a athbhunú;

- Tús a chur le huasghráduithe ar sheirbhísí bus faoi BusConnects;
- Infheistíocht shuntasach i scéimeanna Taistil Ghníomhaigh ar fud Lár na Cathrach; agus
- Mórfhorbairtí amhail TUD Ghráinseach Ghormáin; Ceantar na nDugaí; ceantar Ché Sheoirse; agus roinnt suíomhanna i mBaile Átha Cliath 8.

Sa tréimhse sin, tá athruithe comhlántacha déanta ar an líonra bóithre i Lár na Cathrach chun spás a chruthú do na tionscadail seo, go háirithe chun tabhairt isteach Luas Traschathrach a éascú. Don tionscadal seo rinneadh roinnt athruithe ar fud na cathrach roimh an tógáil agus roimh an oibriú, go háirithe:

- Cúinne Thiar Thuaidh Fhaiche Stiabhna – fáil réidh leis an gceanglas do thrácht Shráid Bhagóid úsáid a bhaint as Sráid Dawson (a athraíodh ó shin chun Sráid Hume a ionchorprú);
- Cúinne Thoir Theas Fhaiche Stiabhna – tabhairt isteach casadh ar dheis go dtí carrchlóis Fhaiche Stiabhna chun an trácht ar Fhaiche Stiabhna Thuaidh a laghdú;
- Rinneadh Sráid Suffolk saor ó thrácht;
- Rinneadh bóthar dhá bhealach de Shráid Grafton Íochtarach d'iompar poiblí;
- Sráid Chill Dara ag rith sa dá bhealach agus cuid bhus in aghaidh an tsrutha;
- Síneadh ar uaireanta oibriúcháin gheata Bhus Fhaiche an Choláiste;
- Trácht ginearálta a bhaint de bhun Shráid Dawson;
- Tosaíocht fheabhsaithe do bhusanna ag Siúlán Bhaitsiléir;
- Gan casadh ar dheis ar Dhroichead Uí Chonaill ó na Céanna Thuaidh don trácht ginearálta; agus
- Lánaí bus a thabhairt isteach ar na Céanna Theas ag Droichead Uí Chonaill.

Chuir na bearta seo spás ar fáil i Lár na Cathrach, thug siad tosaíocht d'iompar poiblí agus cheadaigh siad comhtháthú líne nua Luas i lár na cathrach agus baineadh amach na nithe seo a leanas:

- Athraíodh Sráid Dawson agus Sráid Nassau ó bhealaí tráchta a raibh brú mór orthu go bealaí a raibh brú éadrom orthu;
- Cruthaíodh nasc nua do choisithe agus do rothaithe ar Shráid Suffolk;
- Tugadh isteach nasc áisiúil idir an dá chroí miondíola Shráid Grafton agus Shráid Anraí;
- Ceadaíodh do champas TUD Ghráinseach Ghormáin forbairt ar bhealach inbhuanaithe; agus
- Osclaíodh Plás nua ag an gCloch Leathan agus nasc coisithe agus rothaíochta isteach i Lár na Cathrach ó Bhóthar na gCloch.

Chuidigh cur i bhfeidhm rathúil na mbeart seo leis an athrú incriminteach ar an gcaoi a n-oibríonn líonraí iompair na cathrach, agus ar an gcaoi a bhfuil rochtain ag an bpobal ar an gcathair agus ar an gcaoi a n-úsáideann siad í. Chuidigh na bearta bunathraithe sin freisin le spás bóithre a shaoradh agus le laghdú a dhéanamh ar na leibhéil tráchta iomarcacha i mórán áiteanna i lár na cathrach.




Fíor 4.1a - Sráid Suffolk roimh

## 4.3 Patrúin Taistil a Athrú

Is é an treocht fhadtéarmach i mBaile Átha Cliath ná laghdú suntasach ar úsáid na ngluaisteán príobháideach chun taisteal isteach i Lár na Cathrach le linn bhuaicphointe na maidine.

Aithníodh sa Staidéar Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath roimhe seo (2016) gur thaistil 192,000 duine (áireamh Thródam na Canálach 2014) isteach i lár na cathrach ag buaicphointe na maidine, agus go rabhthas ag súil go mbeadh gá le freastal ar 42,000 turas breise faoin mbliain 2023.

Idir 2014 agus 2019 tháinig ardú beagnach 25,000 ar líon na ndaoine a thaistil isteach i lár na Cathrach (Fíor 4.1), áfach, nuair a fhéachaimid níos géire ar an bhfigiúr seo feicimid gur tháinig ardú 31,000 ar iompar poiblí, ar shiúl agus ar rothaíocht agus gur tháinig laghdú 6,000 ar líon na ndaoine a bhí ag taisteal i ngluaisteáin. Ba é ceann de na príomhchúiseanna leis an ardú ar iompar poiblí ná gur tugadh isteach go rathúil an nasc Luas Traschathrach agus gur tháinig laghdú ar amanna turais bus feadh na gCéanna ag lánaí bus na Cé Thuaidh agus na Cé Theas.




Fíor 4.1b - Sráid Suffolk i ndiaidh




Fíor 4.2 – Modhanna Iompair isteach i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath 7rn to 10in

Ó tháin ig deireadh leis an bpaindéim, tá téarnamh foriomlán tagtha ar líonta na n-iompar poiblí ar fud Bhaile Átha Cliath. Tá an méadú ar obair ón mbaile, áfach, atá le feiceáil ó thorthaí Dhaonáireamh 2022, le sonrú freisin ag Comhaireamh Thródam na Canálach 2022.

Léiríonn sonraí ó áireamh 2022 gur tháinig laghdú ar an éileamh foriomlán ar Lár na Cathrach le linn buaicuaireanta AM ó 217,000 duine sa bhliain 2019 go 177,000 duine sa bhliain 2022. Is ionann turais ghluaisteáin agus 27.7% den bhuaicéileamh RN isteach i Lár na Cathrach, méid atá seasta leis an sciar roimh an bpaindéim. Ar an iomlán, b'ionann céatadán na dturas go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath trí mhodhanna inbhuanaithe agus 71%, an 2ú figiúr is airde ar taifead i ndiaidh na bliana 2019. Léirítear é seo i bhFíor 4.2.




Fíor 4.3 – Comhroinnt Mhodha na dTuras go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath – 2016-2022 (gan 2020 san áireamh)

## 4.4 Patrúin Tráchta a Athrú

Maidir le forbairt an phlean seo, ba é an príomh-ionchur ná an anailís ar shonraí tráchta do Lár na Cathrach. Bhí sé seo riachtanach chun na méideanna iomlána feadh phríomhbhealaí a thuiscint, agus freisin chun líon na bhfeithiclí a thaistealaíonn laistigh de limistéar Lár na Cathrach a chinneadh.

Tugann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi shuirbhéanna tráchta leanúnacha go rialta, agus léiríonn na háirimh is déanaí a rinneadh ar thrácht a théann thar Dhroichead Uí Chonaill an laghdú suntasach ar an trácht ginearálta a úsáideann Céanna na cathrach mar bhealaí tríd an gcathair. Ón mbliain 2017 i leith, tá laghdú 53% tagtha ar an trácht ar na céanna ó thuaidh agus laghdú 34% tagtha ar an trácht ar na céanna ó dheas. Ar an meán, ní úsáideann ach 270 gluaisteán bealach isteach Siúlán Bhaitsiléir go Droichead Uí Chonaill in aghaidh na huaire le linn buaicphointe na maidine. Tá na figiúirí don lá iomlán don bhliain 2017 agus 2023 leagtha amach i bhFíor 4.3.




Fíor 4.4 - Trácht gluaisteáin thar Dhroichead Uí Chonaill (12 uair)

Ag breathnú níos ginearálta ar ghluaiseachtaí tráchta laistigh de Chroílár Istigh Lár na Cathrach, léirigh anailís a rinne an ÚNI nach bhfuil ceann scríbe sa cheantar seo i ndáiríre ach ag 41% de na feithiclí go léir a thaistealaíonn isteach sa Chroílár Istigh.

Aithnítear go bhfuil cuid den trácht seo riachtanach d'fheidhmiú na cathrach, agus nach mbíonn sé indéanta i gcónaí go mbeadh daoine in ann a modh a athrú, ar chúiseanna éagsúla. Tá sé tábhachtach go n-áirítear sa phlean seo go gcoimeádfar rochtain fós don trácht laistigh den chuid is mó de lár na cathrach ach go bhféadfaí bealaí difriúla a úsáid seachas na cinn atá ann faoi láthair.

Maidir le tréthrácht, áfach, léiríonn na sonraí go bhfuil 6 as gach 10 ngluaisteán ag baint úsáide as bóithre lár na cathrach mar an bealach is áisiúla chun cinn scríbe lasmuigh de Lár na Cathrach a bhaint amach. Níl aon riachtanas sonrach ann go mbeadh an trácht seo i Lár na Cathrach, agus d'fhéadfadh na feithiclí seo úsáid a bhaint as bealaí eile chuig a gceann scríbe.

Go hachomair, d'fhéadfaí beagnach dhá thrian de na feithiclí príobháideacha atá ag tiomáint laistigh den ionchathair a bhaint gan cur isteach ar bheogacht agus ar inmharthanacht shaol eacnamaíoch agus cultúrtha an limistéir seo. Agus é seo á chur san áireamh, bhí an plean in ann deiseanna a aithint chun úsáid a bhaint as spásanna bóthair ar bhealach difriúil. Más féidir an tréthrácht seo a aistriú go modhanna, amanna nó spásanna eile, is féidir leis an gCathair athruithe suntasacha a dhéanamh ar an ríocht phoiblí agus na feabhsuithe riachtanacha ar mhodhanna iompair inbhuanaithe a éascú agus líon na ndaoine atá in ann rochtain a fháil ar lár na cathrach a mhéadú.




Fíor 4.6 – Caiteachas miondíola de réir mód

## 4.5 Patrúin Taistil Miondíola

Sa bhliain 2022, rinne an ÚNI suirbhé taistil agus caiteachais ar dhaoine i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, rud a dhírigh ar an gcroí miondíola. Fuarthas amach go dtaistealaíonn 84% de dhaoine ar iompar poiblí, ag siúl agus ag rothaíocht.

Maidir le caiteachas miondíola, fuarthas go raibh úsáideoirí gluaisteán freagrach as níos lú ná an ceathrú cuid den chaiteachas miondíola i Lár na Cathrach, agus b'ionann caiteachas úsáideoirí iompair inbhuanaithe agus díreach os cionn 76% den chaiteachas miondíola ar fad.

## 4.6 Tionchar na Paindéime Covid-19

I ndiaidh na Paindéime Covid-19, tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil athrú tagtha ar an mbealach ina mairimid, ina dtaistealaímid agus ina n-idirghníomhaímid. Is éard atá i gceist leis an teicneolaíocht ná gur gnáth-tharla anois é oibriú / foghlaim ón mbaile do go leor daoine, agus tá athrú tagtha ar an gcaoi a ndéanaimid siopadóireacht agus ar dhinimic na mórshráide trí mhiondíol ar líne le haghaidh earraí áise agus comparáide.
Cé go bhfuil sé róluath fós a rá go cinnte cén tionchar a bheidh ag an bpaindéim ar ár bpleananna taistil, nó go deimhin ar ár bpatrúin lonnaíochta, san fhadtéarma, tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an tionchar a bheidh aige seo ar fhorbairt an phlean seo.
Is léir go bhfuil athrú tagtha ar phatrúin taistil agus go gciallaíonn tabhairt isteach na cianoibre nach bhfuil an fheidhm chéanna a thuilleadh ag na sráideanna cathrach sin a breathnaíodh orthu mar chodanna den líonra tráchta ríthábhachtach a thug deis do dhaoine rochtain a fháil ar a n-áit oibre ar bhonn laethúil, amhail Sráid an Phiarsaigh. Feictear dúshlán na cianoibre sna figiúirí do choisithe agus do rothaithe sa chathair áit a bhfuil laghdú ar líonta i rith na seachtaine, ach tá méadú suntasach tagtha ar líonta ag an deireadh seachtaine.

Dúshlán roimh an gcathair mar sin is ea níos mó spásanna a fhorbairt a thiocfaidh chun bheith ina gceann scríbe tarraingteach ina gceart féin agus gan na spásanna sin a úsáid mar artairí tráchta a chuideoidh le daoine a bheidh ag tiomáint tríd chuig cinn scríbe eile.




Fíor 4.5 – Comhréir na Croíthráchta Istigh le Ceann Scríbe in Áit Eile

# 05 DÚSHLÁIN ROIMH IOMPAR I LÁR NA CATHRACH

**De réir mar a thugtar an chéad tráinse eile de thionscadail iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh ar aghaidh lena gcur i bhfeidhm, tá na ceisteanna maidir le conas spás fisiceach a sholáthar don bhonneagar iompair seo agus do na daoine breise a thabharfaidh sé isteach i Lár na Cathrach mar an dúshlán pleanála iompair is práinní atá roimh an gcathair anois.**

Má tá an fhís atá leagtha amach sa Phlean Forbartha le baint amach, ní mór breathnú ar athrú bunúsach ar an gcaoi a mbreathnaímid ar úsáid spáis don ghluaisteán príobháideach, agus ar cén áit agus cén uair ar cheart freastal air.



Le blianta fada anuas, ba é an líonra bus an príomhiompróir daoine isteach sa chathair, le breis agus 60,000 paisinéir ar an meán ag teacht isteach i mbuaicthréimhse na maidine gach lá. Méadóidh BusConnects an acmhainn sin, ag cur go mór leis an líon daoine a théann isteach sa chathair ar iompar poiblí gach lá. Cé go gcuirfidh scéimeanna tosaíochta Chonair Bus Lárnach BusConnects ar chumas busanna Lár na Cathrach a shroicheadh gan rómhoill, ní fhorálann siad do thosaíocht traschathrach laistigh de lár na cathrach.

**Bheadh sé thar a bheith neamh-inmhianaithe go mbeadh de thoradh ar infheistíocht mhór sa chóras bus go mbeadh níos mó busanna ag dul go Lár na Cathrach níos tapúla ach go mbeadh moill shuntasach orthu ina dhiaidh sin agus iad ag taisteal tríd an limistéar lárnach. Bheadh d'éifeacht ag cás den sórt sin na gnóthachain a bhainfí in áiteanna eile ar an líonra a laghdú ar chostas agus iarracht shuntasach.**

Is príomhdhúshlán é seo, mar ní féidir tairbhí iomlána Chlár BusConnects a bhaint amach, ach amháin más féidir cóineasú na mbusanna isteach i lár na cathrach a bhainistiú chun tosaíocht agus iontaofacht am turais a áirithiú do na seirbhísí nua bus, chomh maith le spás breise a sholáthar don líon méadaithe paisinéirí a théann isteach i lár na cathrach ar bhus. Is fachtóir ríthábhachtach é an breithniú seo chun an chuma ar chóir a bheith ar an timpeallacht iompair i lár na cathrach a chinneadh.

Ar an gcaoi chéanna, éilíonn rolladh amach na rotharbhealaí sábháilte atá nasctha tríd agus timpeall Lár na Cathrach, mar atá sainmhínithe i bPlean Líonra Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, athdháileadh spás bóithre agus athchumrú ar fheidhmeanna go leor sráideanna.

Laistigh den Phlean Forbartha, chomh maith le tacú le foilseacháin ar nós 'Do Chathair, Do Spás; Straitéis Ríochta Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath (2012)', tá cuspóir soiléir ann maidir leis an gCosán Cultúir ó Chearnóg Parnell trí Fhaiche an Choláiste go Sráid an Dáma chomh maith le fonn leanúint ar aghaidh le forbairt de chathair ina bhfuil trácht íseal chun spás do choisithe agus deiseanna ríochta poiblí a fháil.

Ag glacadh leis na cuspóirí go léir thuas agus na cuspóirí eile atá sa Phlean Forbartha agus sa Straitéis Iompair tá sé beartaithe dul ar aghaidh le roinnt athruithe suntasacha bainistíochta tráchta laistigh de Lár na Cathrach in éineacht le feabhsuithe ar iompar poiblí agus le hinfheistíocht i dtaisteal gníomhach. Le chéile ligfidh siad seo do thimpeallacht iompair agus ríocht phoiblí éagsúil teacht chun cinn i Lár na Cathrach.

# 06 FÍS AGUS CUSPÓIRÍ

**Lárnach don nuashonrú ar Phlean Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, bhí an gá le fís shoiléir agus sraith cuspóirí a bhunú, chun forbairt na ngréasán agus na moltaí athbhreithnithe a chruthú.**

**Tá an fhís agus na cuspóirí nasctha leo siúd a chuirtear i láthair i bPlean Forbartha agus Straitéis Iompair Chathair Bhaile Átha Cliath.**



## 6.1 Fís

Is í an fhís don phlean seo, mar atá á roinnt ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an ÚNI mar seo a leanas:

*Lár na Cathrach atá faoi bhláth ina bhfeabhsaíonn an córas iompair an tsaoirse gluaiseachta agus ina gcomhlíonann sé riachtanais chomhshaoil, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíocha na ndaoine ar a bhfreastalaíonn sé.*

## 6.2 Cuspóirí Uileghabhálacha

Is iad seo a leanas cuspóirí agus fo-chuspóirí uileghabhálacha an phlean seo:

- **Timpeallacht Lár na Cathrach atá Feabhsaithe go Suntasach a Sholáthar**
  - Aistriú go Lár na Cathrach ina bhfuil leibhéil ísle tráchta;
  - Tréthrácht gluaisteán príobháideach nach bhfuil riachtanach a bhaint ó Lár na Cathrach;
  - Caighdeán Aeir a Fheabhsú;
  - Torann iompair agus tráchta a laghdú;
  - An timpeallacht amhairc a fheabhsú;
  - An ríocht phoiblí a fheabhsú;
  - Bithéagsúlacht a mhéadú; agus
  - Eispéireas oidhreachta nádúrtha agus ailtireachta na cathrach a chosaint agus a fheabhsú.
- **Soláthar Córas Iompair Neodrach Lár na Cathrach a Éascú**
  - Aistriú chuig iompar Astuithe Nialais;
  - Rochtain d'fheithiclí astaithe carbóin a laghdú;
  - Freastal ar iompar poiblí ard-acmhainne astaíochtaí ísle;
  - Tosaíocht a thabhairt do shiúl agus do rothaíocht; agus
  - Na hidirghabhálacha iompair a thacaíonn le forbairt dhlúth agus chomhdhlúite a sholáthar.
- **Feabhas a chur ar Gheilleagar agus Inmhaireachtáil Lár na Cathrach**
  - Na deiseanna a mhéadú do dhaoine taisteal go dtí, ó, laistigh agus trí Lár Chathair Bhaile Átha Cliath go héifeachtúil, go héifeachtach agus go hinbhuanaithe;
  - Acmhainn an chórais iompair a mhéadú;
  - Tosaíocht a thabhairt don acmhainn iompair inbhuanaithe;
  - Ullmhú do thabhairt isteach na mórthionscadal iompair phoiblí agus leas a bhaint as na deiseanna a chruthóidh siad.
  - Tacú le rochtain do sheachadtaí, do dhaoine faoi mhíchumas, do sheirbhísí éigeandála agus do fheithiclí riachtanacha eile;
  - Rochtain teoranta do fheithiclí go Lár na Cathrach a cheadú;
  - Spriocanna comhroinnte modha Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath a bhaint amach;
  - Tacú leis an ngeilleagar oíche agus leis na hearnálacha cultúrtha; agus
  - A áirithiú go bhfuil rochtain ag gach duine ar Lár na Cathrach.

# 07 AN PLEAN A FHORBAIRT

**Forbraíodh an plean seo trí úsáid a bhaint as próiseas atriallach ina ndearnadh breithniú ar gach modh iompair i gcomhar le gach modh eile, agus ag féachaint do na cuspóirí socheacnamaíocha agus cultúrtha níos leithne do Lár na Cathrach. Is iad an dá phríomhshrian ina leith seo ná an méid teoranta spáis bóthair atá ar fáil, agus scála uaillmhian fhís an Phlean Forbartha don Chathair. Leagtar amach sa chaibidil seo cur chuige chun na srianta seo a shárú**



## 7.1 Réamhrá

Le blianta beaga anuas, tá Croílár Istigh Bhaile Átha Cliath sainmhínithe ag beartais iompair a tháinig chun cinn sna 1990idí i bhfoilseacháin amhail Tionscnamh Iompair Bhaile Átha Cliath (DTI) a dúirt nach dtógfadh Baile Átha Cliath toilleadh bóithre don ghluaisteán sa chroílimistéar a thuilleadh mar mhodh chun laghdú a dhéanamh ar phlódú. Ina ionad sin aistríodh an fócas ar iompar poiblí a fhorbairt agus chun siúl agus rothaíocht a spreagadh. Léiríodh na beartais seo i bPleananna Forbartha Cathrach agus i gcomharbaí éagsúla ar an DTI, lena n-áirítear an Straitéis Iompair.

Léiríonn eispéireas na Paindéime Covid-19 agus na n-athruithe gasta is féidir a dhéanamh in áiteanna ina dtagann laghdú ar thrácht gluaisteán, mar Shráid Nassau, Sráid Capel Thuaidh agus na Céanna Theas, nuair a laghdaítear an méid tráchta, go bhféadfadh go leor féidearthachtaí d'úsáid mhalartach as spás bóithre a theacht chun cinn.

## 7.2. Comhthéacs Iompair a Bhunú don Phlean

Ar fud an domhain, tá athrú suntasach tagtha ar an gcaoi a ndearnadh 'rath' a thomhas maidir le pleanáil cathrach agus bainistíocht tráchta. Go háirithe, an tuiscint gur earra críochta é spás bóithre, agus go bhfuil géarghá ann le húsáid spáis do gach grúpa úsáideoirí a thuiscint. Tháinig an t-aistriú i dtreo na hinbhuanaitheachta mar phríomhspreagthóir le haghaidh athrú san iompar chun cinn go déanach san 20ú hAois, agus tháinig borradh faoin móiminteam nuair a tugadh isteach beartais agus treoir nua idirnáisiúnta agus náisiúnta.

Chuir sé seo ardán ar fáil chun athmhachnamh a dhéanamh ar shráideanna na Cathrach mar spásanna do dhaoine; do ghníomhaíochtaí; d'iompar poiblí agus do thaisteal gníomhach, seachas don fheithicil phríobháideach. Éascóidh an t-ardán seo cathracha níos tarraingtí, níos inbhuanaithe agus níos éifeachtaí.

## 7.3 Athmhachnamh a Dhéanamh ar Shráideanna Lár na Cathrach

Bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta, déanann an plean seo athmhachnamh ar fheidhm agus ar úsáid shráideanna Lár na Cathrach. Tá athbhreithniú déanta ar shráideanna na Cathrach i dtéarmaí a n-úsáide, nó a n-úsáide féideartha, mar spásanna le haghaidh gníomhaíochtaí comhroinnte agus coiteanna – chun teacht le chéile agus chun gluaiseacht araon.

Féachann an plean leis an úsáid is fearr a bhaint as suíomh stairiúil agus tarraingteach Lár na Cathrach chun iompar a athchothromú, agus chun Baile Átha Cliath a thabhairt ar aon dul leis an gcáilíocht beatha a bhaintear amach sna cathracha is fearr ar domhan ó thaobh inmhaireachtála, comhionannais agus inbhuanaitheachta eacnamaíochta agus comhshaoil de.

Bainfear é seo amach trí bhogadh i dtreo Lár na Cathrach ina mbeidh leibhéil ísle tráchta, áit a n-éascaíonn an laghdú ar thréthrácht agus ar thrácht gluaisteán phríobháideach iompar poiblí éifeachtach; rothaíocht agus siúl tarraingteach, sábháilte agus inrochtana, agus seachadtaí éifeachtacha. Éascaíonn an plean freisin feabhsuithe ar an ríocht phoiblí amach anseo ar na spásanna idir foirgnimh, faoi réir dearadh mionsonraithe. Déanfar na hathruithe seo chun an fhís don Chathair mar atá leagtha amach ag na comhaltaí tofa sa Phlean Forbartha a bhaint amach agus a léiriú.

## 7.4 Na Riachtanais do Gach Modh a Shainmhíniú

Agus pleanáil á déanamh do gach modh, tá sé tábhachtach a áirithiú nach gcuirtear isteach ar chineálacha áirithe taistil, go háirithe iompar poiblí nó rothaíocht, ar bhealach atá contrártha le cuspóirí an phlean. Mar sin, bhí an t-atriall idir na líonraí éagsúla do gach modh, chun an chothromaíocht chuí a aimsiú, ina chuid lárnach de fhorbairt an phlean.

Ag teacht leis seo, bhunaigh an plean treoirphrionsabail do gach modh, agus leag sé béim ar na príomhchuspóirí chun soláthar gach líonra a éascú. Tá achoimre ar na breithnithe seo leagtha amach thíos:

- Siúl agus Daoine ar Rothaí – Tabharfar tús áite do bhealaí a fhreastalaíonn ar an líon is mó daoine a bhíonn ag taisteal ar chois nó ar chathaoir rothaí nó le bugaithe, ag taisteal le haghaidh miondíola, chuig mórlimistéir fostaíochta, chuig áiseanna iompair phoiblí agus chuig nithe is díol spéise do thurasóirí, d'fhonn timpeallacht ardchaighdeáin do choisithe a sholáthar;
- Rothaíocht – Cosúil le Siúl agus Daoine ar Rothaí, breithneofar bealaí a mheallfaidh an líon is mó turas rothaíochta mar thosaíocht le haghaidh infheistíochta i saoráidí rothaíochta;
- Tramanna agus Busanna – Cuimsíonn an líonra iompair phoiblí ar an tsráid na línte seasta tram agus ghlac sé, mar phointe tosaigh, Líonra Seirbhíse BusConnects agus na lánaí bus reatha agus beartaithe. Suíomh stadanna Bus, agus de réir mar is gá, is breithniú tábhachtach iad stadanna tuirlingthe le haghaidh cóistí, agus teastaíonn réitigh atá sonrach don suíomh uathu;
- Tacsaithe - Beidh tacsaithe fós mar ghné lárnach den chóras iompair poiblí. Beidh rochtain laistigh agus trí Lár na Cathrach fós mar bhreithniú tábhachtach, agus d'fhéadfadh go mbeadh réitigh atá sonrach don limistéar ag teastáil uaithi. Úsáid agus fáil spásanna do stadanna tacsaithe laistigh de Lár na Cathrach, agus ní mór úsáid na teicneolaíochta chun an modh seo a úsáid go héifeachtach a chur san áireamh;
- Seachadtaí agus Seirbhísiú – Tá rochtain do sheachadtaí ar chuideachtaí an-tábhachtach do lár na cathrach, agus caithfear rochtain d'earraí/seachadtaí a choinneáil, ach d'fhéadfadh go mbeidh gá le cothromaíocht a aimsiú idir é seo agus na cuspóirí a bhaineann le modhanna inbhuanaithe agus dearadh uirbeach chun teacht ar réiteach cuí. Príomhghné de seo is ea an cumas atá ag feithiclí earraí agus seirbhíse rochtain a fháil ar limistéir ag amanna áirithe, áit nach bhfuil trácht ginearálta ceadaithe;
- Gluaisrothaithe – Breathnófar ar ghluaisrothaithe mar fheithiclí mótair, ach le buntáistí a bhaineann lena n-úsáid, i gcomparáid leis an ngluaisteán príobháideach, maidir le spás bóithre agus spásanna páirceála; agus
- Gluaisteáin phríobháideacha agus gluaisteáin chomhroinnte – Coinneofar socrú bainistithe le haghaidh rochtain ag gluaisteáin phríobháideacha laistigh de Lár na Cathrach. Déanfar tréthrácht a laghdú agus srianta a chur air, agus trácht nach bhfuil dírithe i dtreo lár na cathrach dírithe i dtreo slite bunaithe eile lasmuigh den Chroílár Istigh.



## 7.5 Gréasán Pleanáilte

Tá an plean bunaithe ar an riachtanas soláthar gach modha a bhreithniú le chéile, agus is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas ná cur chuige atriallach ar an mbreithniú spás bóithre a úsáid, ach tá sé tábhachtach iarracht a dhéanamh caighdeán na hoibre a cuireadh i gcrích le déanaí a choinneáil.

Chuaigh an tionscadal Athdheartha BusConnects trí phróiseas deartha fairsing, lena n-áirítear an comhairliúchán poiblí is cuimsithí a rinneadh riamh in Éirinn. Tá na slite á gcur i bhfeidhm faoi láthair ar bhonn céimnithe, agus chun an próiseas seo a chosaint, breithníodh, ar mhaithe leis an bplean seo, nach raibh gá leis agus ní cheart an Líonra BusConnects a athrú go bunúsach.

Chomh maith céanna, foilsíodh Líonra Raonta Rothar MLBÁC, mar a thaispeántar ar chúl an leathanaigh, le déanaí mar chuid de Straitéis Iompair MLBÁC, agus bhí sé faoi réir próisis


Legend:
Proposed Crossing Points
Primary Radial
Primary Orbital
Secondary
Greenway - Utility
Inter Urban
Feeder
Greenway - Leisure
Further Study
Esri, HERE, Garmin

comhairliúcháin poiblí reachtúil chomh maith le measúnú timpeallachta iomlán. Arís, breithníodh nach n-athrófaí go bunúsach Líonra Raonta Rothar MLBÁC don phlean seo.

Tugtar faoi deara, áfach, go ndearnadh an Líonra BusConnects agus Líonra Raonta Rothar MLBÁC a dhearadh laistigh de shrianta na socruithe atá ann cheanna maidir le bainistíocht tráchta. Má aontaítear agus má chuirtear na socruithe bainistíochta tráchta laistigh de lár na cathrach i bhfeidhm, cuirfidh sé deis ar fáil na líonraí seo laistigh de lár na cathrach a athmheas, chun iad a bheachtú agus a fheabhsú de réir mar is cuí.

## 7.6 Bainistíocht Tráchta

Cé go mbreithníodh gach modh sa phlean, is breithniú lárnach ar fhorbairt na moltaí ná tuiscint a bheith ann ar riachtanais taistil isteach go dtí lár na cathrach, go háirithe, maidir le rochtain feithiclí le haghaidh gluaiseacht earraí, seirbhísiú agus feithiclí príobháideacha.

I dtaca leis seo, mar chuid den sainmhíniú ar líonraí agus deiseanna iompair, breithníodh go cúramach ar shocruithe féideartha le haghaidh gluaiseacht tráchta, a choinneodh rochtain feithiclí ar gach limistéar agus trédhluaiseachtaí neamhriachtanacha á mbainistiú.

Níl an coincheap seo nua, agus tá sé ag forbairt thar na blianta i gCathair Bhaile Átha Cliath faoi riochtaí éagsúla. Mar shampla, is féidir cur chuige comhchosúil a fheiceáil ar an talamh i limistéir áitiúla ar nós Portobello, áit a mbainistítear tréghluaiseacht i ngluaisteán príobháideach chun áis chónaithe a chosaint. Cosúil leis sin, is féidir breathnú ar an mbealach céanna ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun trácht a théann trí Fhaiche an Choláiste agus ar Shráid Uí Chonaill a íoslaghdú.



Fíor 7.1 – Socruithe Malartacha Féideartha i dtaca le Bainistíocht Tráchta

Mar achoimre, is ionann iad seo a leanas agus na prionsabail le haghaidh bainistíocht tráchta sa Chroílár Istigh:

- Beidh rochtain i ngluaisteán príobháideach ar fhormhór na limistéar i Lár na Cathrach;
  - Rochtain a choinneáil do charrchlóis le haghaidh áiteanna oibre agus cónaitheoirí agus carrchlóis ilstóracha, áit nach dtéann sé i mbealach aidhm foriomlán an phlean.
  - Chun ligean do sheirbhísiú agus seachadtaí ag na hamanna cuí; agus
  - Rochtain a choinneáil d'fheithiclí éigeandála.
- Spreagfar gluaiseachtaí gluaisteán príobháideach ón Tuaisceart go dtí an Deisceart/ón Deisceart go dtí an Tuaisceart a dhéanamh lasmuigh den Chroílár Istigh.
  - Chun tréthrácht de bharr feithiclí príobháideacha a laghdú i gcroílár lár na cathrach.
- Spreagfar gluaiseachtaí gluaisteán príobháideach ón Oirthear go dtí an Iarthar/ón Iarthar go dtí an Oirthear a dhéanamh lasmuigh den Chroílár Istigh.
  - Chun tréthrácht de bharr feithiclí príobháideacha a laghdú i gcroílár lár na cathrach.
- Bainisteofar gluaiseachtaí gluaisteán príobháideach i lár na cathrach.
  - Chun líon feithiclí a laghdú, a laghdóidh truailliú ó thorann agus truailliú aeir dá réir sin;
  - An cumas spásanna poiblí a chruthú; agus
  - An chathair a dhéanamh níos oiriúnaí mar áit chónaithe do chónaitheoirí agus cuideachtaí agus an áit a dhéanamh níos fáiltí do chuairteoirí.

# 08 MOLTAÍ BAINISTÍOCHTA TRÁCHTA LÁR NA CATHRACH

## 8.1 Réamhrá

Ag forbairt ó na cuspóirí agus an fhís a leagtar amach sa phlean seo agus na straitéisí tacaíochta eile, tá sé soiléir, chun trácht gluaisteáin a laghdú sa Chroílár Istigh agus an fhís an Plean Forbartha a bhaint amach, tá sé riachtanach tús a chur le sraith athruithe bainistíochta tráchta ar fud Lár na Cathrach.

Is í an aidhm atá ag na hidirghabhálacha seo ná an méid tréthráchta agus is féidir a bhaint ón gcroílár istigh agus an rochtain riachtanach le haghaidh seachadtaí srl. atá ag teastáil ón gcathair a chothromú.

Chomh luath is a dhéantar líon feithiclí a laghdú, osclóidh sé na féidearthachtaí feabhsuithe agus tosaíochtaí iompair a chur ar fáil don riocht phoiblí mar atá leagtha amach i gcaibidlí níos deireanaí an phlean seo.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil na hidirghabhálacha seo dírithe ar ghluaiseacht tráchta a bhainistiú, sa ghearrthéarmach.

Is é cuspóir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhpháirtíocht leis an ÚNI, na hidirghabhálacha seo a chur i bhfeidhm ar bhealach céimnithe laistigh de shaolré an Phlean Forbartha reatha, lena chinntiú go soláthraítear cuspóirí an phlean seo.

D'aithin an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta an acmhainneacht go dtiocfadh mionthionchair timpeallachta dhiúltacha chun cinn mar gheall ar an trácht a chur as áit a thagann as na moltaí thíos. Baineann na héifeachtaí seo go príomha le Caighdeán Aeir agus Torann. Déanfaidh CCBÁC agus ÚNI monatóireacht ar na hiarmhairtí seo ar bhonn rialta i gcomhthéacs na dtairbhí níos leithne atá tuartha le teach ón bplean seo, agus aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a theacht chun cinn a mhaolú, de réir mar is cuí.

Chun tús a chur le hathrú, beidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhpháirtíocht leis an ÚNI, ag iarraidh na gnéithe tosaíochta a leanas de chuid Phlean Lár na Cathrach a chur i bhfeidhm:

## 8.2 Siúlán Bhaitsiléir agus Cé Aston

Bainfear trácht feithicle príobháideach feadh na gCéanna Thuaidh agus Theas ag na láithreáin seo, ag fágáil spás do bhusanna, tacsaithe, rothaithe agus coisithe amháin. Forbrófar socruithe do sheachadtaí agus rochtain áitiúil. Is ionann an réasúnacht atá taobh thiar de na bearta seo agus an méid seo a leanas:

- Ciallaíonn athdhearadh líonra BusConnects go mbeidh Céanna na Life níos tábhachtaí mar chonair le haghaidh iompar poiblí leis an ngá le brú bus a laghdú agus ligean do spás coisithe níos mó do phaisinéirí bus atá ag fanacht nó ag teacht ó bhusanna;
- Is mian den phlean é soláthar Rotharbhealach na Life a éascú, agus beidh tuilleadh spáis ann don scéim seo trí thréthrácht a bhaint agus éascóidh sé na scéimeanna eatramhacha agus buana;
- Ligfidh baint tréthráchta do bhainistíocht níos éifeachtúla ar acomhal Dhroichead Uí Chonaill, a d'fhéadfadh, i ndiaidh anailíse breise, cead a thabhairt d'am comhartha breise do choisithe atá ag gluaiseacht idir Sráid Westmoreland agus Sráid Uí Chonaill, an mórbhealach coisithe is mó sa chathair; agus
- Ligfidh an beart seo do na cosáin leathana a leathnú ar Shráid Uí Chonaill tríd go dtí Droichead Uí Chonaill.

## 8.3 Rae an Iarthair agus Sráid an Phiarsaigh

Chun ord tosaíochta a éascú d'iompar poiblí, siúl agus rothaíocht i gceathrú thoir theas Lár na Cathrach, déanfar athrú mór ar an trácht ag an acomhal ag Rae an Iarthair agus Sráid an Phiarsaigh. Ní bheidh cead ach ag iompar poiblí agus rothaithe casadh ar chlé ó Rae an Iarthair go Sráid an Phiarsaigh. Tabharfar isteach casadh ar dheis nua don trácht ginearálta ag an Acomhal seo agus déanfar an chuid de Shráid an Phiarsaigh ó Rae an Iarthair go Sráid Sandwith ina dhá threo.

Éiríonn Rae an Iarthair ina nasc bus níos tábhachtaí faoin tionscadal BusConnects agus tá tosaíocht ag teastáil ón gconair seo. Tá riachtanas ann, áfach, le haghaidh rochtain a choinneáil go Rae an Iarthair don trácht mar gheall ar airde droichead iarnróid sa limistéar. Ligfidh sé seo d'fheithiclí taobharda Rae an Iarthair a úsáid, ach ag cinntiú ag an am céanna go gcuirfear iompar poiblí in ord tosaíochta. Ní

bheidh Rae an Iarthair mar thréshlí go Sráid an Phiarsaigh a thuilleadh, ach ligfidh sé rochtain i dtreo Dhroichead Samuel Beckett ina ionad sin.

Ligfidh an laghdú ar thrácht ginearálta, dá bharr an bhirt seo feadh Shráid an Phiarsaigh ó Rae an Iarthair agus ar Shráid na Teamhrach, do na sráideanna seo a athshamhlú le háiseanna siúil agus rothaíochta níos fearr, taobh leis an ardtosaíocht a thugtar d'iompar poiblí. Laghdófar líon na lánaí le réimse beart gaolmhar, lena n-áirítear tuilleadh glasaithe. Éascóidh an t-athrú seo gluaiseachtaí coisithe sa limistéar, go háirithe ag stáisiúin Shráid an Phiarsaigh agus Shráid na Teamhrach agus ligfidh sé do mhéadú ar úsáid na stáisiún seo mar thoradh ar DART+ agus ullmhúchán a dhéanamh do thógáil agus oibriúchán Metrolink sa mheántéarmach.

Faoi réir deartha mionsonraithe, d'fhéadfadh an t-athrú seo riocht phoiblí fheabhsaithe a éascú chomh maith ag Plás Lincoln nó Sráid Mhuirfean Íochtarach.

## 8.4 Plás Beresford agus Sráid Ghairdinéir

Ní bheidh an tslí Shráid an Phiarsaigh - Sráid na Teamhrach mar chuid den phríomhbhealach mór a thuilleadh mar thoradh ar chur i bhfeidhm na n-athruithe atá beartaithe ag Rae an Iarthair in éineacht le tréthrácht a bhaint ó na Céanna Theas ag Cé Aston.

Ligeann sé seo dúinn na himpleachtaí a mheas do thaobh thuaidh na habhann mar gheall ar na hathruithe sin agus tagann dhá dheis shuntasacha chun cinn, mar seo a leanas:

i. Plás Beresford

- Athchumrú ar ghíorálach aontreo Phlás Beresford ina ghluaiseacht dhá threo agus laghdú ar lánaí tráchta ar Shráid Ghairdinéir ó cheithre lána go dhá lána, ag ligean d'úsáid níos sábháilte do choisithe agus rothaithe sa limistéar seo;
- Deis le haghaidh spás poiblí a chlúdaíonn Halla na Saoirse go Teach an Chustaim tríd an spás bóithre ag an suíomh seo a oscailt don siúlóid, rothaíocht, glasú agus suíochán trí thréthrácht a bhaint; agus
- Chuirfeadh trácht ginearálta ón Deisceart ar mhalairt slí feadh Ché Theach an Chustaim go dtí nasc dhá bhealach ag Droichead Cuimhneacháin an Talbóidigh, ag ligean cead do nasc go Sráid Ghairdinéir agus Sráid Amiens.

ii. Cé Theach an Chustaim

Is é an dara deis ná an ché ag Teach an Chustaim a dhúnadh agus an trácht ar fad a chur thart ar chúl Theach an Chustaim.

- Cruthaíonn sé deis le haghaidh spás poiblí lasmuigh de Theach an Chustaim;
- Lánaí a laghdú ó Halla na Saoirse go Teach an Chustaim;
- Deiseanna le haghaidh áiseanna tiomnaithe rothaíochta agus spás coisithe méadaithe; agus
- Ciallaíonn trácht a chur ar mhalairt slí go bhfanann gíorálach aontreo Phlás Beresford in áit don trácht ginearálta, ach le háis bus agus rothar in aghaidh an tsrutha.

D'fhéadfadh na feabhsuithe beartaithe ar Shráid Ghairdinéir a thabhairt ar aghaidh faoi gach moladh.

Beidh an dá rogha seo mar chuid den chomhairliúchán ar an bplean seo le cinneadh cén ceann acu ar cheart a thabhairt ar aghaidh le haghaidh breithniú níos mionsonraithe.

## 8.5 Faiche an Choláiste agus Sráid an Dáma;

I gcomhréir leis na mianta atá leagtha amach sa Phlean Forbartha, i gcéimeanna tosaigh an phlean seo, bainfear trácht ó Fhaiche an Choláiste agus Sráid an Dáma ón acomhal le Sráid Sheoirse soir. Éascófar earraí isteach agus rochtain teoranta. Déanfar an beart sonrach seo a dhéanamh ina chéimeanna i gcomhréir le cur i bhfeidhm athruithe ar sheirbhísí BusConnects lena chinntiú go n-éascófar seirbhísí bus go dtí go gcuirtear tús le slite nua a bheidh ag oibriú sa treo eile ó Fhaiche an Choláiste agus Sráid an Dáma. Déanfar monatóireacht ar na tionchair ar amanna turais bus le haimsiú an mbeidh tuilleadh beart tosaíochta ag teastáil.

Is féidir ansin scéim iomlán na ríochta poiblí don limistéar a fhorbairt faoi réir deartha mionsonraithe.
Chomh maith leis sin, ligeann athchumrú an líonra bus do dheiseanna feadh an chuid eile de Shráid an Dáma go Teampall Chríost le haghaidh cosáin níos leithne agus áiseanna rothaíochta feabhsaithe.

## 8.6 Sráid na Parlaiminte

I ndiaidh Sráid Chéipéil a athrú go rathúil ina thimpeallacht saor ó thrácht, tá sé beartaithe an scéim céanna a chur i bhfeidhm ar Shráid na Parlaiminte, agus conair saor ó ghluaisteáin a thabhairt isteach do choisithe agus rothaithe ar imeall thiar chroílár miondíola lár na cathrach. Déanfar é seo i gcomhar le chéile le hathruithe athdheartha líonra BusConnects, a bhainfidh iompar poiblí ón tsráid seo. Éascófar seachadtaí agus rochtain ar bhealach cosúil le Sráid Chéipil, agus d'fhéadfadh nasc rothar dhá threo trasna Dhroichead Grattan a chur i bhfeidhm.

# 09 DEISEANNA RÉIMHSE POIBLÍ

**Osclóidh na hathruithe ar bhainistíocht tráchta i gCaibidil 8 go leor deiseanna suntasacha do ríocht phoiblí fheabhsaithe i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Leagtar amach iad sa chaibidil seo go mion mar shraith sceitsí coincheapa agus fótamontáisí. Bheadh pleanáil chuimsitheach agus obair deartha ag teastáil ó na coincheapa sin agus beidh siad faoi réir na measúnachta cuí agus nósanna imeachta ceada pleanála sula soláthraítear iad.**

Baineann na príomhdheiseanna féideartha atá leagtha amach sa chaibidil seo leis na láithreáin seo a leanas:

1. Faiche an Choláiste agus Sráid an Dáma;
2. Sráid na Parlaiminte;
3. Siúlán Bhaitsiléir;
4. Céanna Theas;
5. Plás Beresford;
6. Cé Theach an Chustaim;
7. Sráid Ghairdinéir;
8. Sráid an Phiarsaigh;
9. Sráid na Teamhrach;
10. Plás Lincoln; agus
11. Plás Theampall Chríost



## 1. Faiche an Choláiste agus Sráid an Dáma

Is é Tionscadal Shráid an Dáma Fhaiche an Choláiste an moladh athbhreithnithe agus forbartha chun limistéar stairiúil Fhaiche an Choláiste agus Shráid an Dáma a athrú ó bhonn mar spás poiblí sainchomhartha i gcroílár Chathair Bhaile Átha Cliath.

Athrófar croílár stairiúil na cathrach; agus beidh sé ina spás álainn a bheidh oiriúnach do choisithe a chuireann rochtain uilíoch, ionchuimsiú sóisialta, inbhuanaitheacht, bithéagsúlacht agus glasú in ord tosaíochta, agus stair agus oidhreacht na láithreach ar leith seo a thacú agus a fheabhsú ag an am céanna.

Faoi na moltaí seo, beidh an limistéar ó Fhaiche an Choláiste go dtí an t-acomhal le Sráid Sheoirse Mhór Theas ina limistéar saor ó thrácht, seachas seachadtaí a bhfuil teorainn ama leo agus rochtain áitiúil theoranta. Cuirfidh an tionscadal spás ilfheidhmeach den chéad scoth ar fáil, a chuireann leis na foirgnimh stairiúla is mó le rá i mBaile Átha Cliath, go háirithe Coláiste na Tríonóide agus Banc na hÉireann, ag tabhairt tuilleadh spáis do dhaoine taitneamh a bhaint as imeachtaí cultúrtha agus fóillíochta, ceiliúrtha agus gníomhaíochtaí sóisialta.

Is iad seo a leanas cuspóirí an Tionscadail Fhaiche an Choláiste Shráid an Dáma:

- Chun spás poiblí ilfheidhmeach den chéad scoth a chur ar fáil, a chuireann leis na foirgnimh stairiúla in aice láimhe;
- Chun tréthrácht feithiclí ar fad a bhaint agus seachadtaí agus feithiclí éigeandála á éascú;
- Spás ardchaighdeáin a thugtar tús áite do choisithe a chruthú;
- Chun Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na Cathrach a thacú trí inbhuanaitheacht agus glasú a chur in ord tosaíochta maidir le forbairt an deartha;
- Rotharbhealach sábháilte a chur ar fáil;
- An geilleagar áitiúil a thacú trí líon na gcustaiméirí a fheabhsú; agus
- Chun prionsabail an deartha uilíoch a úsáid chun spás inrochtana a chur ar fáil do chách.



Fíor 9.1.1 – Peirspictíocht Fhaiche an Choláiste Beartaithe

## 2. Sráid na Parlaiminte

Dhéanfaí na lánaí tráchta atá ann cheana ar Shráid na Parlaiminte a athdháileadh ar an rothaíocht le leithead cosáin méadaithe ar an dá thaobh, agus gluaiseacht coisithe á héascú, gníomhaíochtaí sráide á gcumasú, agus beocht na háite á feabhsú. Nascfadh an nasc rothaíochta dhá Sráid an Dáma le Sráid Chéipil, ó Halla na Cathrach agus thar Dhroichead Grattan. Cuireann na hidirghabhálacha taisteal gníomhach in ord tosaíochta, agus comhfhorbairt áite á chur chun cinn trí infreastruchtúr glas breise agus soláthar spásanna a chur ar fáil do mheascán éagsúil gníomhaíochtaí.




Fíor 9.2.1 – Trasghearradh Sráid na Parlaiminte Beartaithe




Fíor 9.2.2 – Plean Sráid na Parlaiminte Beartaithe




Fíor 9.2.3 – Suíomh Peirspictíocht



Fíor 9.2.4 – Staid Reatha

Príomhidirghabhálacha sa ríocht phoiblí:

- Cosáin atá ann cheana a leathnú
- Criosanna solúbtha a thabhairt isteach chun freastal ar éagsúlacht troscáin sráide agus criosanna suí lasmuigh d'aonaid.
- Bonneagar glas a sholáthar.
- Trasrian cláir ardaithe chun timpeallacht atá níos oiriúnaí do choisithe a chruthú



Fíor 9.2.5 – Peirspictíocht Sráid na Parlaiminte

## 3. Siúlán Bhaitsiléir

Coinneofar cuid de Shiúlán Bhaitsiléir le haghaidh iompar poiblí. Siúl agus rothaíocht amháin. Bhainfeadh na Céanna Thuaidh tairbhe as saoradh suntasach ó spás oscailte don rothaíocht, siúl agus am a chaitheamh. I gcomhthéacs an limistéir a thaispeántar anseo, is cuid níos leithne é Siúlán Bhaitsiléir, ag oscailt amach ar Shráid agus Droichead Uí Chonaill, a chuireann nascacht iompair poiblí shuntasach ar fáil tríd an Luas agus Bus. Agus na Céanna Thuaidh mar an “taobh grianmhar” den abhainn, cruthaíonn sé áit álainn le do scíth a ligean, caidreamh a dhéanamh agus a bheith ag súgradh. Chomh maith leis sin, cabhraíonn moltaí don áit le mianaidhmeanna na Straitéise Crochta Thart a sholáthar, a chuirtear i láthair i Máistirphlean Ríochta Poiblí Lár na Cathrach Chroílár Baile Átha Cliath (CCBÁC), chomh maith le plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath, trí fhorbairt sráideanna ardchaighdeáin agus spásanna poiblí atá sábháilte, inrochtana agus uileghabhálach a chur chun cinn. Ar deireadh thiar, d’fhéadfadh an t-iompar poiblí ar fad a bhailiú ar na Céanna Theas, ag scaoileadh saor spás breise don ríocht phoiblí sa tuaisceart.




Fíor 9.3.1 – Trasghearradh Céanna Thuaidh Beartaithe




Fíor 9.3.2 – Plean Céanna Thuaidh Beartaithe

- Ní mholtar tréthrácht, agus níl cead ag feithiclí ach ar chodanna áirithe na gcéanna rochtain a éascú. Níl cead ach ar iompar poiblí amháin trí Shiúlán Bhaitsiléir.
- Cosáin atá ann cheana a leathnú agus lána rothar dhá threo a fhorbairt feadh na gCéanna chun tacú le haistriú córa iompair agus chun nasc díreach, sábháilte agus álainn soir-siar a chur ar fáil.
- Ligeann trasrian cláir ardaithe do shruth mór na gluaiseachta coisithe thar na céanna.
- Tugtar isteach criosanna solúbtha feadh aghaidh gníomhach na bhfoirgneamh chun freastal ar éagsúlacht troscáin uirbeach, ar nós lochtáin caifé allamuigh, suíocháin agus soithí plandaí.




Fíor 9.3.3 – Suíomh Peirspictíocht



Fíor 9.3.4 – Staid Reatha




Fíor 9.3.5 – Peirspictíocht Céanna Thuaidh

## 4. Céanna Theas

Chun líon daoine níos mó ag taisteal ar bhus a éascú, beidh codanna de na Céanna Theas curtha in áirithe d'iompar poiblí, siúil agus rothaíocht. Éascóidh sé sin feabhsuithe ar an timpeallacht coisithe agus rothaíochta.

Cé go bhfuil an chuid de na Céanna Theas cúng, áit ina bhfuil Droichead na Life, tá ról ríthábhachtach aici maidir le naisc do choisithe feadh na habhann a fheabhsú, agus is féidir léi ríocht phoiblí ardchaighdeáin a choinneáil do choisithe.




Fíor 9.4.1 – Trasghearradh Céanna Theas




Fíor 9.4.2 – Plean Céanna Theas Beartaithe

- Trasrian cláir ardaithe ag cur gluaiseachtaí coisithe sábháilte agus inléite chun cinn idir Barra an Teampaill, na Céanna Theas, Droichead na Life agus na Céanna Thuaidh.
- An poitéinseal le haghaidh clárchosán chun gluaiseacht coisithe a thacú feadh na gCéanna Theas. Straitéis soilsithe agus ealaíne chun córas treo álainn a chruthú, agus gníomhachtú san oíche á chur chun cinn agus tuiscint ar an sábháilteacht a fheabhsú.
- Soithí plandaí in áiteanna cuí chun áit níos áille a chruthú.




Fíor 9.4.3 – Suíomh Peirspictíocht



Fíor 9.4.4 – Staid Reatha



Fíor 9.4.5 – Peirspictíocht Céanna Theas

## 5. Plás na Saoirse

D'fhéadfadh spás cathartha nua a chur ar fáil mar thoradh ar an trácht a bhaint ó chuid de Phlás Beresford. Bheadh an chuid thiar comhdhéanta de sin, marcáilte ag Cuimhneachán Shéamais Uí Chonghaile, líne iarnróid na Lúblíne agus amharclann Halla na Saoirse in aice láimhe. Tá Irish Life Plaza suite ar an taobh thuaidh.

### Príomhdheis:

**The LoopLine Light**

Bheadh an Líne Éadrom mar cheiliúradh ar Dhroichead na Lúblíne a théann thar an Life i bhfoirm suiteála ealaíne ó dheas, ó thuaidh agus thar an Life.



Tempe Light Rail Transit Bridge

Bheadh sé sin mar chuspóir de chomórtas idirnáisiúnta a seoladh leis an aidhm ráiteas tionchair domhanda a chruthú atá inaitheanta láithreach le príomhchathair na hÉireann.

Fasach den tionscnamh seo is ea Tempe Light Rail Transit Bridge in Arizona, droichead iarnróid mór le rá thar Temple Town Lake, a bhfuil freagraí idirghníomhacha ann do thraenacha a ghabhann thairis, ag cur le cúinsí timpeallachta agus imeachtaí séasúracha/sóisialta. Bheadh an smaoineamh seo faoi réir chomhaontú Iarnród Éireann agus bheadh measúnuithe oidhreachta agus caomhnaithe iomlána ag teastáil.



Fíor 9.5.1 – Trasghearradh Plás na Saoirse




Fíor 9.5.2 – Plean Plás na Saoirse Beartaithe




Fíor 9.5.3 – Suíomh Peirspictíocht



Fíor 9.5.4 – Staid Reatha

- Cuirfear suíomh oiriúnach ar fáil do Chuimhneachán Shéamais Uí Chonghaile, i gcomhréir leis an tábhachtach a bhaineann le duine de phríomhphearsana Shaoirse na hÉireann.
- Suiteáil ealaíne poiblí ar an Lúblíne.
- Úsáidí gníomhacha ar nós caiféanna, bialanna agus siopaí leabhair, ag cur deiseanna ioncaim ar fáil agus gníomhachtú san oíche tríd, lena n-áirítear faoin Lúblíne.
- Plás mór le limistéir thírdhreachaithe, ag gníomhachtú comhéadan Halla na Saoirse agus foirgneamh Irish Life.
- Naisc fheabhsaithe chuig Irish Life Plaza ar an taobh thuaidh.
- Deiseanna ioncaim do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath as réadmhaoine tráchtála a ligean ar cíos.
- Síneadh a chur ar ghairdín Theach an Chustaim, faoi réir breithnithe oidhreachta ailtireachta, pleanála agus úinéireachta talún.



Fíor 9.5.5 – Peirspictíocht Plás na Saoirse

## 6. Cé Theach an Chustaim

D'fhéadfadh Cé Theach an Chustaim leas a bhaint as ríocht phoiblí fheabhsaithe a bheadh ann mar thoradh ar thrácht a bhaint idir Cé Éidin agus Droichead Cuimhneacháin an Talbóidigh. Is láthair mhaoineach é seo agus Teach an Chustaim mar an ngné is suntasaí agus líne iarnróid ardaithe na Lúblíne ag dul trasna na Life. Óstálann Teach an Chustaim an Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta agus ionad cuairteora. Tá gairdíní mórthimpeall air ar an taobh thiar, thuaidh agus thoir. Le linn laethanta saoire poiblí, bíonn aontaí siamsaíochta agus féilte ar siúl sa spás os comhair Theach an Chustaim, ag taispeáint an deis (agus an t-éileamh) le haghaidh imeachtaí poiblí móra. Tá go leor solais san oíche agus tá sé mór le rá mar gheall ar na frithchaithimh iontacha ar an Life, agus le feiceáil go háirithe ón gCé Theas. Cuireann Droichead na Lúblíne cuntraphointe tionsclaíoch ar fáil do shocrú clasaiceach Theach an Chustaim.

Tugann laghduithe ar líon tráchta deis an spás poiblí seo a thabhairt ar ais do phobail go buan, ag cur spásanna súgartha ar fáil do leanaí de gach aois, chomh maith le cearnóg phoiblí agus áiseanna turasóireachta, agus suíomh cuí a thabhairt do Theach an Chustaim chun a luach stairiúil a cheiliúradh.

### Príomhdheis: **Plás Theach an Chustaim**

Paráid agus plás mór á chruthú don saol poiblí, ag ceiliúradh Teach an Chustaim agus ardán á chruthú le haghaidh úsáidí a spreagann súgradh agus a mheallann cuairteoirí a bheith ina gcónaí ann. Saor ó throscán sráide den chuid is mó, is féidir (tob-) ócáidí a óstáil sa spás seo le linn laethanta saoire poiblí.



Exhibition Road, London

Fasach de seo is ea Exhibition Road i Londain, áit ina nascann cosán cothrom le músaeim agus institiúidí éagsúla trí ríocht uirbeach ardchaighdeáin a spreagann siúl agus rothaíocht, agus cuairteoirí agus an pobal á mealladh ar an áit dá bharr.




Fíor 9.6.1 – Plean Cé Theach an Chustaim




Fíor 9.6.2 – Trasghearradh Cé Theach an Chustaim Beartaithe




Fíor 9.6.3 – Suíomh Peirspictíocht



Fíor 9.6.4 – Staid Reatha

- Paráid agus plás mór don saol poiblí, agus Teach an Chustaim á cheiliúradh agus úsáidí a spreagann súgradh agus a mheallann cuairteoirí le bheith ina gcónaí ann a éascú. Saor ó throscán sráide den chuid is mó, is féidir ócáidí a óstáil sa spás seo.
- Ag cur leis na gairdíní leathchiorclacha mórthimpeall Theach an Chustaim, chuirfeadh gnéithe tírdhreacha radharc Theach an Chustaim le chéile. Cuirfidh sé sin spásanna faoi scáth ar fáil agus cruthóidh sé deiseanna le haghaidh súgradh teagmhasach.
- Suiteáil solais féideartha ag Droichead na Lúblíne, cosúil le Droichead Samuel Beckett



Fíor 9.6.5 – Peirspictíocht Cé Theach an Chustaim

## 7. Sráid Ghairdinéir

Mar chonair 1.2km, is príomhnasc thuaidh-theas é Sráid Ghairdinéir do Bhaile Átha Cliath Thuaidh le sruthanna arda tráchta. Agus idirghabhálacha tráchta ag dul i bhfeidhm, is féidir an tsráid a athchumrú chun gluaiseachtaí iompair poiblí, coisithe agus rothar a éascú ar bhealach níos fearr, agus ríocht phoiblí fheabhsaithe a chur ar fáil. Cosanta ag imeall a bhfuil crainn ar gach taobh de, is féidir tabhairt faoi thurais rothaíochta tapa ar lána rothar 2 threo trasna fhad an chonair ar fad. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh lána bus tiomnaithe a chruthú don chuid theas den scéim, idir Plás Beresford agus Sráid Parnell/Cnoc an tSamhraidh. D'fhéadfadh an acomhal idir Plás Beresford agus Sráid Ghairdinéir a bheith ina Thairseach álainn isteach sa limistéar trí chomhartha, dath agus soilsiú a úsáid feadh Dhroichead na Lúbline agus a chuid áirsí.

Is féidir comhéadan na sráide le Páirc an Diamaint a fhorbairt mar chosaint tírdhreacha chun an spás agus an áit súgartha a chosaint ó fheithiclí agus torann. Tugann sé seo deis lár-shráid sainchomhartha a chruthú, le comhartha éadrom a chuireann Páirc an Diamaint in iúl. Is féidir soilsiú feadh na conaire ar fad a úsáid chun an idirghabháil beartaithe a neartú. Agus an t-imeall glas á úsáid mar phríomhghné aontaitheach an mholta, cuirfear soilsiú ar fáil ag dhá leibhéal, agus solas ag teacht ón dá cheann trasna na sráide ag leibhéal níos airde agus thar an neastaobh coisithe agus rothaíochta faoi leibhéal an fhorscátha.



Fíor 9.7.1 – Trasghearradh Sráid Gardiner Beartaithe



Fíor 9.7.2 – Plean Trasghearradh Sráid Gardiner Beartaithe



Fíor 9.7.3 – Plean Sráid Gardiner Beartaithe



Fíor 9.7.4 – Suíomh Peirspictíocht


Fíor 9.7.5 – Staid Reatha

Príomhidirghabhálacha sa ríocht phoiblí:

- Cuirfidh cosán leathan le tírdhreachú feabhsaithe le himeall Pháirc an Diamaint agus cuirfidh sé feabhas ar eispéireas coisithe feadh Shráid Ghairdinéir ar fad.
- Lasfaidh straitéis soilsithe feadh an imill an timpeallacht san oíche, ag cruthú spás níos inléite agus an mothú sábháilteachta á mhéadú.
- Feabhsóidh lánaí rothar scartha, a bhfuil scáth orthu ó chrainn, sábháilteacht do rothaithe agus coisithe
- Déanfaidh idirghabháil éadrom sainmhíniú as an nua ar Pháirc an Diamaint mar shainchomhartha i lár na slí.



Fíor 9.7.6 – Peirspictíocht Sráid Gardiner

## 8. Sráid na Teamhrach agus Sráid an Phiarsaigh

Le hathchumraíocht chomhordaithe ar Shráid an Phiarsaigh agus Sráid na Teamhrach mar chonairí príomhghluaiseachta, cuireann sí réimse leathan deiseanna ar fáil timpeallachtaí ardchaighdeáin siúil agus rothaíochta a chruthú, chomh maith le nascacht iompair poiblí tapa, agus rochtain feithiclí áitiúil á coinneáil ag an am céanna.

Déanfar athrú suntasach ar an timpeallacht feadh Shráid na Teamhrach le dhá thionscadal athfhorbartha ardphróifíle á dtógáil faoi láthair Cuirfidh an dá thionscadal seo le líon na ndaoine go háitiúil agus ardóidh siad an brú ar an ríocht phoiblí agus iompar poiblí.

Cuirfidh leagan amach sráide nua don chonair cruth nua ar dhearcadh an limistéir, le cosáin coisithe níos leithne, lánaí rothar tiomnaithe agus iompar poiblí feabhsaithe. Agus é athchumraithe mar Bhúlbhard Uirbeach, is féidir le Sráid an Phiarsaigh glasú uirbeach breise a thabhairt isteach, le plandú crann agus imeall feadh a fhaid ar fad, agus scáth agus cosaintí glasa á gcur ar fáil do choisithe agus réadmhaoine atá mórthimpeall air. Chomh maith leis sin, maidir le breithniú ar scéim níos leithne, sa cháipéis seo a thugtar Triantán na Teamhrach air, cuireann sé deiseanna breise ar fáil do chomhfhorbairt áite trí shlí coisithe mhalartach a chruthú feadh na n-áirsí iarnróid, ó Shráid an Phiarsaigh go Stáisiún Traenach na Teamhrach agus an Stad Meitreo sa todhchaí. Spreagfar turais siúil tríd an gceathrú trí na háirsí nach mbaintear dóthain úsáide astu le caiféanna, grúdlanna, bialanna, ceardlanna cruthaitheacha agus áiteanna oibre solúbtha a ghníomhachtú agus d'fhéadfadh sé ceann scríbe nua a léiriú do Bhaile Átha Cliath, a cheiliúrann oidhreacht infreastruchtúir na cathrach, agus gníomh tráchtála breise á chur ar fáil ag an am céanna.

Tá poitéinseal ann do mheascán na trí tionscnamh seo, chomh maith leis na forbairtí, mion-ionad go hiomlán nua a chruthú don phríomhchathair.




Fíor 9.8.1 – Trasghearradh Sráid Teamhrach Beartaithe



Fíor 9.8.2 – Trasghearradh Sráid An Phiarsaigh Beartaithe

### Príomhdheis: **Búlbhard Uirbeach**



Avenida Diagonal, Barcelona

Is sráid a bhfuil crainn agus imeall ar gach taobh de é an búlbhard uirbeach, a thacaíonn lánaí rothar scartha. Feabhsaíonn an cur chuige seo clúdach na gcrann feadh Shráid an Phiarsaigh agus Shráid na Teamhrach, agus scáth á chur ar fáil do choisithe agus rothaithe, agus turais taistil gníomhach sábháilte á gcur chun cinn. Fasach den idirghabháil seo is ea Avenida Diagonal, áit a ndearnadh bóthar róphlódaithe a athchóiriú trí thearmann lárnach a chruthú le crainn agus, i ngach treo, lána do thrácht feithiclí, seirbhís bus agus rothair, chomh maith le cosán 7m ar leithead do choisithe.

### Príomhdheis: **Na hÁirsí**



Arcos del Rosedal, Buenos Aires

Tríd na háirsí iarnróid a athrú, is féidir deiseanna gníomhachtaithe don limistéar a chruthú le bialanna, caiféanna agus ceardlanna cruthaitheacha, chomh maith le gnéithe tírdhreacha allamuigh agus lochtáin. Fasach a ghlac cur chuige comhchosúil is ea Arcos Del Rosendal. D'athraigh na 20 áirse de chuid San Martín Railway isteach i mol gastranómach, le bialanna, tithe tábhairne, ionaid aclaíochta agus siopaí. Cuimsíonn an spás oscailte atá taobh leis na háirsí gnéithe tírdhreacha, lena n-áirítear peargólaí atá clúdaithe le plandaí, ag cruthú limistéir faoi scáth do shuíochán allamuigh. Tá crainn agus pábháil ardchaighdeáin ar gach taobh den ríocht phoiblí, agus bealach siúil mór agus spás do tob-stainníní á nglacadh isteach.




Fíor 9.8.3 – Plean: Sráid Teamhrach agus Sráid An Phiarsaigh Beartaithe




Fíor 9.8.3 – Suíomh Peirspictíocht



Fíor 9.8.4 – Staid Reatha

Príomhidirghabhálacha sa ríocht phoiblí ar Shráid an Phiarsaigh:

- Rochtain fheabhsaithe ar iompar poiblí feadh na sráide, agus rochtain fós á coinneáil do ghluaisteáin phríobháideacha go réadmhaoine agus spásanna tráchtála.
- Cosáin coisithe fhada chun spás a chur ar fáil do thurais siúil compordacha
- Lánaí rothar scartha ar gach taobh den tsráid trí imeall ardaithe agus colbha a cheanglaíonn le Sráid na Teamhrach
- D'fhéadfadh go n-athróidh Sráid an Phiarsaigh ina bhúlbhard a mbeadh crainn ar gach taobh de, ag cur scáth agus clúdach forscátha crainn méadaithe ar fáil.



Fíor 9.10.5 – Peirspictíocht Sráid An Phiarsaigh

Príomhidirghabhálacha sa ríocht phoiblí ar Shráid na Teamhrach::

- Nascacht bus fheabhsaithe
- Cosáin coisithe níos leithne chun spás a chur ar fáil do thurais siúil chompordacha, agus líon na ndaoine ó fhorbairtí nua Aqua Vetro agus Cearnóg an Choláiste atá le teacht á meas
- Lánaí rothar ardaithe le colbha a éascaíonn turais rothar tapa agus sábháilte, ag nascadh Sráid na Teamhrach leis an líonra rothar feabhsaithe feadh Shráid an Phiarsaigh agus an chuid eile den chathair
- Crainn a cuireadh ag codanna de Shráid na Teamhrach, áit a ligeann leithead an chosáin feabhas a chur ar líonra infreastruchtúir glas.




Fíor 9.8.6 – Suíomh Peirspictíocht




Fíor 9.8.7 – Staid Reatha



Fíor 9.8.8 – Peirspictíocht Sráid Teamhrach

## 9. Plás Lincoln

Is nasc é Plás Lincoln idir Coláiste na Tríonóide, Instituto Cervantes agus Gailearaí Náisiúnta na hÉireann. Faoi réir féidearthachta iompair poiblí a atreorú, déanfaidh an gíorálach reatha a athchumrú an ghluaiseacht tráchta áitiúil a shimpliú agus cruthóidh sé deiseanna le haghaidh ríocht phoiblí nua.

Trí Phlás Lincoln a dhéanamh do choisithe amháin, is féidir leis a bheith ina áit do scíth a ligean agus caitheamh aimsire, ag cur suíocháin agus lochtáin ar fáil do ghníomhaíochtaí iarmhartacha ó áitribh tráchtála mórthimpeall air. I gcás nach féidir iompar poiblí a atreorú, fiosrófar an poitéinseal le haghaidh ríocht phoiblí nua ar Shráid Mhuirfean Íochtarach.

### Príomhdheis: **Gné tírdhreacha**

Lárnach don spás ag crosbhealach Phlás Lincoln agus Shráid an Chláraigh,

tá gné ghlas le suíocháin mórthimpeall a imill. Cuirfidh crann mór scáth ar fáil le linn an lae agus soilseoidh sé an áit san oíche, ag cruthú spás



Carlos Place, London

níos inléite agus níos sábháilte, agus láithreacht an ghailearaí feadh Shráid an Chláraigh á neartú.

Fasach den idirghabháil seo is ea Carlos Place i Londain, áit ar feabhsaíodh an ríocht poiblí trí ghné uisce/soilsithe a chur san áit – 'Silence' le Tadao Ando – agus glasú uirbeach a thabhairt isteach. Scaradh an ríocht coisithe ó spás feithiclí trí ábhair éagsúla a úsáid, agus an gá le colbhaí a bhaint, bearta maolaithe tráchta á gcur ar fáil agus rochtain a fheabhsú.




Fíor 9.9.1 – Plean Plás Lincoln Beartaithe




Fíor 9.9.2 – Trasghearradh Plás Lincoln Beartaithe

Príomhidirghabhálacha sa ríocht phoiblí:

- Cuirfidh ríocht phoiblí chothrom, ardchaighdeáin rochtain feithiclí ar fáil ar Choláiste Tríonóide,
- Na spásanna bunurláir feadh Phlás Lincoln a ghníomhachtú, agus spás iarmhartach a chur ar fáil do ghníomhartha tráchtála, ar nós lochtáin agus stainníní díoltóra.
- Trasrian cláir ardaithe a thabhairt isteach idir Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Plás Lincoln chun rochtain a fheabhsú ar an ngailearaí agus an bealach ón dtuaisceart a athdhéanamh
- Tá gné ghlas le suíochán mórthimpeall air lárnach don spás ag acomhal Phlás Lincoln agus Sráid na Teamhrach. Cuirfidh crann mór scáth ar fáil agus soilseoidh sé an timpeallacht ag clapsholas, ag cruthú spás níos inléite agus níos sábháilte, agus cuntraphointe á chur ar fáil d'aghaidh an ghailearaí trasna na sráide, agus gluaiseachtaí coisithe sábháilte á gcur in ord tosaíochta ag an am céanna. Is féidir páirceáil rothar breise a chur i láithreáin straitéiseacha chun rochtain a chur ar fáil do phríomhchinn scríbe sa limistéar sin.
- Cuirfear cosán coisithe níos leithne ar fáil feadh Shráid Mhuirfean, The Mont Hotel agus scoil Berlitz chun an t-eispéireas coisithe agus teachta a fheabhsú agus an taobh thuaidh de Shráid Mhuirfean a aththréithriú.




Fíor 9.9.3 – Suíomh Peirspictíocht



Fíor 9.9.4 – Staid Reatha



Fíor 9.9.5 – Peirspictíocht Plás Lincoln

## 10. Acomhal Theampall Chríost

Is príomhnód é Acomhal Theampall Chríost maidir le slí turasóireachta Bhaile Átha Cliath ó lár na cathrach go Slóras Guinness, le príomh-shainchomhartha ar nós Ardeaglais Theampall Chríost agus Dublinia, chomh maith le Páirc na Síochána, ag coirnéil acomhail atá lán le feithiclí.

Is iad na príomhchuspóirí deartha ná spás bóithre a fháil ar ais chun suíomh atá níos oiriúnaí do choisithe agus rothaithe a chruthú ag an gcomhéadan leis na sainchomharthaí, agus trasrianta coisithe móra á gcur ar fáil chun príomhlínte mianta a fheabhsú. Choinnigh an dearadh beartaithe BusConnects feadh codanna Shráid Niocláis agus na Sráide Airde den acomhal chun gluaiseachtaí bus a fheabhsú.




Fíor 9.10.1 – Trasghearradh Acomhal Teampaill Críost




Fíor 9.10.2 – Plean Acomhal Teampaill Críost

- Cosáin atá ann cheana a leathnú ag comhéadan na bpríomh-shainchomharthaí
- Plás Theampall Chríost a chúngú go trí lána feithiclí le lánaí rothar agus curtha i láthair mar ‘sráid níos boige’ chun suíomh níos fearr a chruthú d’Ardeaglais Theampall Chríost
- Trasrianta níos leithne, ardaithe agus níos dírí trasna Phlás Theampall Chríost agus Sráid an Fhíona, le trasrian céimnithe trasna na Sráide Airde
- D’oscail comhéadan thuaidh Pháirc na Síochána chun dul i ngleic le Plás Theampall Chríost feabhsaithe.
- Leagan amach acomhail níos fáiscthe le dromchla bóthair níos boige chun trácht a mhoilliú agus acomhal atá feabhsaithe ar an tsúil a chruthú feadh an phríomhchonair turasóireachta seo.




Fíor 9.10.3 – Suíomh Peirspictíocht



Fíor 9.10.4 – Staid Reatha




Fíor 9.10.5 – Peirspictíocht Acomhal Teampaill Críost

# 10 AN CHATHAIR AGUS TRÁCHT

**Chomh maith leis na moltaí sonracha i gCaibidil 8, beidh cuspóirí gaolmhara comhlántacha ag teastáil ón bplean seo chun bainistíocht a dhéanamh ar thrácht gluaisteán príobháideach i limistéar an phlean tríd is tríd. Tá an spás bóithre teoranta i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus, chun freastal ar an leibhéal gníomhaíochta ata tuartha, tá sé riachtanach go gcuirfear ord tosaíochta do na modhanna is éifeachtúla agus is inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de.**

Agus na cuspóirí ó Chaibidil 6 á gcur san áireamh chomh maith le mianta an Phlean Forbartha, spreagfaidh an plean seo forbairt Lár Chathair Bhaile Átha Cliath go léir ar bhealach a bhainistíonn úsáid an ghluaisteáin phríobháidigh, go háirithe trí shocruithe gluaiseachta tráchta athbhreithnithe a mheas, a éascóidh rochtain laghdaithe i ngluaisteán go dtí Lár na Cathrach.

## 10.1 Tosaíochtaí do Líonra Tráchta Lár na Cathrach

- Coinneofar rochtain ar an gCroílár Istigh le haghaidh turais riachtanacha;
- Cuirfear trácht gluaisteáin gan ceann scríbe sa Chroílár Istigh ar mhalairt slí chomh fada agus is féidir trí slite malartacha atá ann cheana;
- Ar shráideanna áirithe, bainfear trácht gluaisteáin ginearálta;
- Tabharfar isteach luasteorainn 30km/u ar gach bóthar i Lár na Cathrach;
- Déanfar gluaiseacht tráchta gluaisteán a mheas chomh maith le riachtanais na gluaiseachta trí mhodhanna inbhuanaithe agus ní ghlacfar a thuilleadh go bhfaighidh sé ord tosaíochta ag acomhail;
- Laghdófar páirceáil sráide chun freastal ar mhodhanna inbhuanaithe;
- Bogfaidh páirceáil sráide go struchtúr táille bunaithe ar astaíochtaí;
- Coinneofar rochtain ar Charrchlóis Lár na Cathrach, de réir mar is gá, agus déanfar iad a bhainistiú lena chinntiú gur féidir le cuspóirí iompair inbhuanaithe agus ríochta poiblí a thuiscint; agus
- Tabharfar faoi na carrchlóis ilstóracha is lárnaí a athfhorbairt.





# 11 CATHAIR AN IOMPAIR PHOIBLÍ

**Bíonn Lár Chathair Bhaile Átha Cliath ag brath ar iompar poiblí dá leas eacnamaíoch agus le haghaidh a ról mar chroílár cultúrtha agus siamsaíochta a chur chun cinn. Is gné thábhachtach é chomh maith maidir leis an gcumas a bheith i do chónaí i Lár na Cathrach trí rochtain a chur ar fáil do réimse seirbhísí agus áiteanna mór le rá do dhaonra mór.**



Is é ceann de na breithnithe is fearr don phlean seo maidir leis seo ná a chinntiú gur féidir leis an líonra iompair poiblí a fhás agus a fhorbairt de réir fhás an daonra, na fostaíochta agus tarraingtí eile a tharlóidh thar na blianta atá le teacht i Lár na Cathrach. Baineann sé seo le, ní hamháin tabhairt isteach MetroLink agus DART+, ach chomh maith leis sin, an infheistíocht leanúnach faoi chur i bhfeidhm líonra seirbhíse BusConnects.

Agus na cuspóirí ó Chaibidil 6 á gcur san áireamh, chomh maith le mianaidhmeanna an Phlean Forbartha, spreagfaidh an plean seo forbairt Lár Chathair Bhaile Átha Cliath ar bhealach a chuireann gluaiseacht iompair poiblí in ord tosaíochta thar gluaiseachtaí tráchta ginearálta maidir le leithdháileadh spáis bóithre agus cumraíochtaí acomhail.

## 11.1 Tosaíochtaí do Líonra Iompair Poiblí Lár na Cathrach

- Tabharfar ord tosaíochta ar uasleibhéil don Luas agus don Bhus ar shráideanna agus trí acomhail maidir le leithdháileadh spáis bóithre agus cumraíochtaí acomhail agus comhartha, agus ag freastal ar riachtanais na rothaithe agus na gcoisithe;
- Déanfar sráideanna Lár na Cathrach a phleanáil agus a dhearadh agus é ar intinn freastal ar riachtanais fhisiceacha phatrúin nua ghníomhaíocht coisithe méadaithe a thagann as BusConnects, DART+, Metrolink agus forbairt Luas amach anseo;
- Déanfar patrúin stadanna bus a chuíchóiriú, lena n-áirítear busanna agus cóistí turasóireachta, chun an tionchar a íoslaghdú ar éifeachtúil na seirbhíse agus ar an ríocht phoiblí;
- Cuirfear scáthláin bus ar fáil nuair is gá agus nuair is féidir; nuair nach féidir scáthláin a chur ar fáil, déanfar suíocháin ag stadanna bus a mheas nuair is féidir.
- Leanfar le hidirstad Lár na Cathrach le haghaidh seirbhísí bus a bhainistiú, agus laghdófar é. Áireofar leis sin breithniú ar riachtanais leas an tiománaí;
- Déanfar riachtanais stad cóistí turasóireachta agus comaitéireachta a chomhordú, lena chinntiú go n-úsáidfear spás ar cholbha an chosáin mar is cuí. Cinnteofar leis seo, nuair a choinnítear rochtain, tá cur chuige éifeachtach ann i leith socruithe tuirlingthe agus bailithe;
- Déanfar idirstad cóistí turasóireachta agus comaitéireachta a bhainistiú, agus spreagfar úsáid na háise Páirceála Cóiste ÚNI i gCeantar na nDugaí. Déanfar idirstad thar oíche agus úsáid na saoráide ag an deireadh seachtaine a mheas, faoi réir ceadanna pleanála
- Breithneofar forbairt áiseanna stadanna cóiste eile, lena n-áirítear áiseanna stáisiúin ceann aistir, pointe aistrithe agus idirstad laistigh agus lasmuigh den Chathair chun bainistíocht níos fearr ar chóistí comaitéireachta agus turasóireachta a éascú laistigh de Lár Chathair Bhaile Átha Cliath;
- Ba cheart go mbeadh sé simplí do bhealach a dhéanamh trí gach seirbhís iompair phoiblí agus go mbeadh na seirbhísí sin inléite;

- Breithneofar comhtháthú seirbhísí iompair phoiblí, lena n-áirítear aistriú éasca idir seirbhísí ag príomhnóid, i ndearadh agus pleanáil na ríochta poiblí.
- Soláthrófar eolas maidir le hiompar poiblí ar an tsráid i gcomhréir le cláir agus le tionscadail ÚNI; agus
- Leanfar le hardtosaíocht a thabhairt don chomhtháthú idir córas na Láithreach Feithicle Uathghiarála Bus agus Córas Iompair Chliste na Comhairle Cathrach le haghaidh tosaíocht bus ó thaobh maoiniú agus acmhainní de.

## 11.2 Tionscadal Sonrach maidir le hIompar Poiblí – Tosaíocht Bus i Lár na Cathrach

Cuimsítear sa Chlár BusConnects 12 scéim um Chonair Bus Lárnach (CBL) – bóithre ar a mbeidh tosaíocht bus ionas gur féidir le busanna oibriú go héifeachtach, go hiontaofa agus go poncúil feadh gach bealaigh.

Téann na CBLanna go léir isteach i Lár na Cathrach agus, mar atá leagtha amach i gCaibidil 5, is é gné ríthábhachtach den phlean seo a chinntiú gur féidir le BusConnects seirbhís éifeachtach, iontaofa agus phoncúil a oibriú laistigh de Lár na Cathrach. Cinnteofar leis an bplean seo nuair a bheidh na CBLanna nua BusConnects i bhfeidhm, go leanfar le tosaíocht bus ar fud na cathrach trí spás bóithre a ath-leithdháileadh ón trácht ginearálta, lena chinntiú go n-oibreoidh an líonra bus gan bhac.
.



Fíor 11.1 – Siúlán Bhaitsiléir Tosaíocht Bus




Fíor 11.2 – An Príomhlíonra Iompair Phoiblí

# 12 AN CHATHAIR AGUS TACSAITHE

**Soláthraíonn tacsaithe seirbhís thábhachtach iompair lena gcuirtear turais ó dhoras go doras ar fáil agus is cuid lárnach iad den chóras iompair foriomlán i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. D'fhéadfadh siad a bheith thar a bheith tábhachtach do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta nach bhfuil ábalta tiomáint nó iompar poiblí a úsáid go héasca b'fhéidir, agus tá siad ríthábhachtach maidir le freastal ar éileamh taistil déanach san oíche.**

Agus na cuspóirí ó Chaibidil 6 mar aon le huaillmhianta an Phlean Forbartha á gcur san áireamh, spreagfar leis an bplean seo forbairt Lár Chathair Bhaile Átha Cliath ar bhealach lena n-admhófar ról comhlántach agus riachtanach na dtacsaithe maidir le freastal ar an éileamh ar thaisteal, agus féachfar leis a ról i Lár na Cathrach a chosaint agus a choinneáil ar bun.

## 12.1 Tosaíochtaí do Chóras Tacsaithe Lár na Cathrach

- Soláthrófar spás cuí ionad, agus na riachtanais a bhaineann le rothaíocht, seachadtaí agus seirbhísiú, trácht ginearálta, agus úsáid na teicneolaíochta á gcur san áireamh;
- Déanfar iniúchadh ar sholáthar saoráidí leasa do thiománaithe tacsaí; agus
- Déanfar iniúchadh ar an deis atá ann do limistéir choinneála thiomnaithe do thacsaithe, lena n-áirítear úsáid a bhaint as carrchlóis ilstóracha chun na críche sin.

## 12.2 Tionscadail Shonracha maidir le Tacsaithe – Limistéar Choinneála Tacsaithe i Lár na Cathrach

Tá an gá atá le spás tiomnaithe do thiománaithe tacsaithe chun leas a bhaint as saoráidí leasa agus chun sosanna a ghlacadh admhaithe le roinnt blianta anuas. Tá sé beartaithe ag ÚNI agus ag CCBÁC áit do shaoráid dá leithéid a aimsiú. Breithníodh an deis carrchlós lárnach ilstórach a athchóiriú d'úsáid dá leithéid.



# 13 CATHAIR AN TSIÚIL

**Le laghdú an tréthráchta i Lár na Cathrach soláthrófar deiseanna suntasacha chun an timpeallacht do choisithe a fheabhsú. Críochnaíonn beagnach gach turas i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath le daoine ag baint úsáid as líonra na gcoisithe. Caithfidh daoine a gceann scríbe a bhaint amach de shiúl na gcos nó i gcathaoir rothaí i ndiaidh dóibh teacht amach as iompar poiblí, a rothar a pháirceáil nó a ngluaisteán a pháirceáil. Dá bhrí sin, tá cáilíocht na timpeallachta coisithe ríthábhachtach do bheagnach gach cónaitheoir, gach oibrí agus gach cuairteoir i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath.**

Agus na cuspóirí ó Chaibidil 6 á gcur san áireamh chomh maith leis na huaillmhianta sa Phlean Forbartha agus 'Do Chathair, Do Spás; Straitéis Ríocht Phoiblí Chathair Bhaile Átha Cliath (2012)' (Your City, Your Space; Dublin City Public Realm Strategy (2012)), i bprionsabal beidh líonra na gcoisithe:

- Inrochtana do chách;
- Sábháilte;
- Mealltach; agus
- Inléite.

## 13.1 Tosaíochtaí do Líonra Coisithe Lár na Cathrach

Laistigh de thréimhse an phlean, féachfaidh an Chomhairle Cathrach le tús áite a thabhairt do na tionscnaimh seo a leanas chun Líonra na gCoisithe ar fud na cathrach a fheabhsú:

- Tugtar tús áite sa phlean do phríomhlíonra a shainaithint, i.e. na sráideanna sin a bhfuiltear ag súil go mbeidh an líon is airde daoine ag siúl nó ag taisteal i gcathaoir rothaí orthu.
- Beidh sainriachtanais úsáideoirí cathaoireacha rothaí, daoine scothaosta, páistí agus daoine a bhfuil a ngluaiseacht lagaithe lárnach i bpleanáil agus i ndearadh líonra siúil Lár na Cathrach;
- Beidh cosáin ardchaighdeáin ar gach sráid agus bóthar i limistéar an phlean;
- Glanfar na cosáin a oiread agus is féidir ó aon bhacainní, amhail comharthaíocht agus caibinéid, go háirithe d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus daoine a mbeidh bugaithe leo;
- Lorgófar trasrianta cláir ardaithe ar mhion-taobh-bhóithre nuair is indéanta;
- Feabhsófar an timpeallacht coisithe ag acomhail agus ag stáisiúin iompair phoiblí atá ann cheana agus cinn atá beartaithe chun freastal ar shreafaí paisinéirí ó sheirbhísí isteach i líonra na gcoisithe;
- I gcás ina soláthraítear acomhail ag a bhfuil comharthaí a fhreastalaíonn ar choisithe agus ar an trácht ghinearálta amháin, déanfar faid feithimh agus faid trasnaithe a chothromú i bhfabhar coisithe;
- Ag mórnóid iompair phoiblí, díreofar aird ar leith ar a chinntiú go mbeidh go leor spáis ann le haghaidh éileamh buaic-uaireanta ar ghluaiseacht coisithe; agus
- Méadófar an spás le haghaidh siúil agus rothaíochta ag acomhail áit nach bhfuil acmhainn ag teastáil do rothaithe agus iompar poiblí.





Fíor 13.1 – An Príomhghréasán Siúil

# 14 CATHAIR NA ROTHAÍOCHTA

**Is féidir feabhas suntasach a chur ar cháilíocht, ar shábháilteacht agus ar inúsáidteacht sráideanna Lár na Cathrach do rothaíocht trí leibhéal an tréthráchta a laghdú. Agus rothaíocht i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath á phlé, tá sé ríthábhachtach go n-admhóimid gach cineál gluaiseachta a dhéanann dhaoine a úsáideann gach cineál rothair. B'fhéidir gurb iad rothair chaighdeánacha is mó a bheidh ag baint úsáide as an modh seo fós sa ghearrthéarma, ach le fás na rothar lasta, na rothar leictreach, na scútar agus na r-scútar, chomh maith le go leor scéimeanna éagsúla rothar ar cíos, leanfar le hathrú a dhéanamh ar chineál an mhodha seo sna blianta amach romhainn.**

Cé go gceapann CCBÁC agus ÚNI gur cheart go mbeadh timpeallacht fháilteach i Lár na Cathrach do gach caighdeán rothaithe, tá fócas ar an bpríomhlíonra rothaíochta a thuartar go n-iomprófar an líon is mó rothaithe air agus go nascfar na háiteanna díol suntais is tábhachtaí leis.

Agus na cuspóirí ó Chaibidil 6 mar aon le huaillmhianta an Phlean Forbartha á gcur san áireamh, spreagfar leis an bplean seo forbairt Lár Chathair Bhaile Átha Cliath mar áit shábháilte, áisiúil agus tharraingteach chun bheith ag rothaíocht ann, ina bhfreastalófar go héifeachtach ar gach mór-áit díol suntais turais agus ar gach ionad gníomhaíochta le bonneagar rothaíochta díreach, ardcháilíochta.

## 14.1 Tosaíochtaí do Líonra Rothaíocht Lár na Cathrach

- Cuirfear bonneagar ardchaighdeáin ar fáil don phríomhlíonra rothaíochta a scarann rothaithe ón trácht feithiclí ginearálta, nó a chuimseoidh timpeallacht ísealtráchta nó saor ó thrácht;
- Lorgófar bonneagar leithscartha ar an líonra rothaíochta den dara gráid agus soláthrófar é nuair is indéanta agus nuair a mheastar iomchuí é;
- Ceadófar rothaíocht ar "shráideanna saor ó thrácht";
- Ceadófar rothaíocht déthreo ar shráideanna aontreo nuair is féidir;
- Cuirfear Páirceáil Rothar chun cinn i ngach carrchlós ilstórach nuair is féidir é a sholáthar agus nuair is féidir teacht uirthi go sábháilte agus go háisiúil;
- Feidhmeoidh an bonneagar Rothaíochta ar an bpríomhlíonra i Lár na Cathrach ar bhonn 24 uair an chloig;
- Coinneofar cothabháil agus leathnú scéimeanna cíosa rothar faoi athbhreithniú; agus
- Leanfar le hinfheistíocht i bpáirceáil phoiblí rothar ar an tsráid chun spásanna páirceála rothar inrochtana don phobal a sholáthar a fhreastalóidh ar spásanna caighdeánacha rothar agus spásanna neamhchaighdeánacha do rothair oiriúnaithe agus do rothair lasta.

## 14.2 Tionscadal Feabhsaithe Rothaíochta – Rotharbhealach na Life

Cé go bhfuil sé beartaithe go leanfar ar aghaidh le hinfheistíocht i mbonneagar rothaíochta ar fud Lár na Cathrach, lena n-áirítear infheistíocht faoi BusConnects, tá rogha de thionscadail rothaíochta suntasacha ann ar féidir tús áite a thabhairt dóibh lena gcur i bhfeidhm mar chuid den phlean seo, faoi réir dearadh mionsonraithe agus cead pleanála, m.sh. Rotharbhealach na Life.

Aithnítear Rotharbhealach na Life mar Phríomhbhealach sa Phlean Líonra Raonta Rothar do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath, agus tá tús áite á thabhairt ag CCBÁC agus ag ÚNI dó le blianta fada, ach cuireadh moill ar a chur chun feidhme mar gheall ar roinnt fadhbanna.

Tríd an tréthrácht ar na céanna a bhaint, cuirfear spás bóithre ar fáil feadh an bhealaigh sin, agus ba cheart go n-éascófaí soláthar bonneagair rothaíochta ar an bPríomh-Rotharbhealach sin. Le forbairt rotharbhealaigh ardchaighdeáin, a fhreastalóidh ar riachtanais rothaithe a bhfuil taithí éagsúil acu, soláthrófar cnámh droma lárnach tríd an gcathair don rothaíocht, rud atá in easnamh go dtí seo.




Fíor 14.1 – Príomhlíonra Raonta Rothar Lár na Cathrach

# 15 CATHAIR NA SOGHLUAISTEACHTA AMACH ANSEO

**Tá athrú bunathraitheach sóisialta, teicneolaíochta agus eacnamaíoch á dhéanamh ar an earnáil iompair agus soghluaisteachta, ag cur athrú bunúsach ar an dóigh a mbogtar daoine agus earraí. Tá na hathruithe sin á spreagadh le ceithre phríomhthreocht teicneolaíochta: Feithiclí/seirbhísí soghluaisteachta Uathrialacha, Nasctha, Leictreacha agus Roinnte (ACES). Tá an cumas le gach ceann acu ina n-aonar córas iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath a athrú ó bhun agus, i dteannta a chéile, d'fhéadfaidís athrú gan fasach a spreagadh. Féadfaidh ACES aistriú ón gcóras feithicil-lárnach reatha a éascú agus a chur chun cinn i dtreo éiceachóras a bheidh níos éifeachtaí, cumasaithe ag sonraí agus uathrialaitheach agus úsáideoirí deiridh ina chroílár. Tá sé tábhachtach go mbeidh Lár Chathair Bhaile Átha Cliath ullmhaithe don aistriú sin.**

Spreagfar leis an bplean seo timpeallacht fhisiceach, riaracháin agus pholaitiúil a ghlacfaidh le nuálaíochtaí nua, cinn atá ag teacht chun cinn agus cinn atá cruthaithe san earnáil soghluaisteachta uirbí atá ar aon dul le cuspóirí an phlean.

## 15.1 Tosaíochtaí do Líonra Soghluaisteachta Amach Anseo Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

- Tacófar le líonra na gcoisithe trí leibhéil fheabhsaithe monatóireachta comhshaoil agus treochomharthaíochta digití;
- Freastalófar ar fhorbairtí i réimse na roinnte rothar agus a n-aipeanna gaolmhara i Lár na Cathrach;
- Leanfar le Córais Chliste Iompair a úsáid agus a leathnú chun an taisteal uile a bhainistiú;
- Tabharfar cuntas ar an ról atá ag teacht chun cinn maidir le rialtú na r-scútar agus modhanna eile micrea-shoghluaisteachta i gcóras iompair Lár na Cathrach;
- Déanfar iniúchadh ar sholáthar stáisiún luchtaithe poiblí le haghaidh r-scútar agus r-rothar;
- Leanfar leis an acmhainn do rothair r-lasta do sheachadadh an mhíle dheireanaigh a mhéadú;
- Déanfaidh CCBÁC agus ÚNI monatóireacht ar na nuálaíochtaí atá ag teacht chun cinn i réimse na bhfeithiclí uathrialaitheacha chun críocha an éilimh taistil uile lena gcur i bhfeidhm i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath;
- Leanfaidh ÚNI le haipeanna comhtháite pleanála taistil agus faisnéise taistil Iompar d'Éirinn a fhorbairt agus cuirfidh sé Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile chun feidhme;
- Déanfar scrúdú ar acomhail iompair laistigh de Lár na Cathrach chun Moil Soghluaisteachta leathana a fhorbairt lena gcumhdófar raon leathan riachtanas taistil;
- Éascófar córais iompair chomhroinnte amhail gluaisteáin a roinnt, mar mhalairt ar an ngluaisteán príobháideach i gcás nach mbeidh aon rogha iompair inbhuanaithe ar fáil; agus
- Ó dhearcadh iomlánaíoch de, freastalóidh Lár na Cathrach ar na cuspóirí agus na riachtanais atá ag teacht chun cinn maidir le Soghluaisteacht mar Sheirbhís a mhéid a bheidh siad ag teacht le cuspóirí an phlean seo.



## 15.2 Tionscadal na Soghluaisteachta Amach Anseo – ‘Flex Space’

Seirbhís bainistíochta bóithre agus spás poiblí atá solúbtha agus i bhfíor-am is ea ‘Flex-space’ Bunaithe ar shreabhadh tráchta fíor-ama feithiclí agus coisithe, agus ar éileamh fíor-ama ar ghníomhaíochtaí sonracha i spásanna na ríochta poiblí, leis an tseirbhís ardáin seo is féidir spás uirbeach a leithdháileadh go héifeachtach don úsáid nó don mhodh is mó éileamh.
Is féidir leis an tseirbhís spás líonra bóithre a leithdháileadh ar mhodhanna éagsúla bunaithe ar éileamh agus ar riachtanais fhíor-ama agus réamhaithriseacha. Mar shampla, nuair atá imeachtaí móra ar siúl sa chathair, d’fhéadfaí spás breise bóithre a leithdháileadh ar thosaíocht bus agus rothaíochta. Is féidir é a úsáid chomh maith chun seachadtaí a éascú chuig sráideanna áirithe ag amanna áirithe sula n-aistrítear chuig úsáid coisithe, mar shampla.

D’fhéadfaí an spás poiblí a aistriú idir gníomhaíochtaí freisin, ag buaic-uaireanta comaitéireachta, d’fhéadfaí spás a leithdháileadh ar mhodhanna éagsúla iompair agus nuair a thagann laghdú ar an éileamh ar iompar is féidir é a leithdháileadh ar úsáidí pobail eile – spóirt, preabmhargaí, srl. Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iniúchadh ar an bhféidearthacht a bhaineann le húsáid spáis bhreise i Lár na Cathrach, go háirithe ath-leithdháileadh spáis bóthair go spás oscailte poiblí ag an deireadh seachtaine nó sa tráthnóna chun úsáidí eile a éascú.



# 16 AN CHATHAIR UM CHOMHIONANNAS

**Ba cheart go mbeadh rochtain chomhionann ar gach bonneagar agus seirbhís iompair do gach ball den tsochaí. Ní mar sin a bhíonn i gcónaí ar an drochuair. Tá roinnt foras ann faoinar féidir idirdhealú agus neamhionann tarlú do dhaoine san iompar, go háirithe ar fhorais míchumais, inscne agus aoise. Ceanglaítear ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ar ÚNI agus ar oibritheoirí iompair faoin reachtaíocht bonneagar agus seirbhísí a dhearadh agus a oibriú ar bhealach nach n-eascróidh idirdhealú dá leithéid as. Is bunphrionsabal den phlean seo é an fonn seo cathair a fhorbairt ina mbeidh rochtain ar iompar oscailte do chách.**

Ina theannta sin, tá ceisteanna ag baint leis an tslándáil phearsanta i Lár na Cathrach nach n-imríonn tionchar cothrom ar gach earnáil den daonra. Go sonrach, ní mhothaíonn mná agus cailíní chomh sábháilte agus iad ag siúl i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath déanach san oíche. Cé go dtéann an fhadhb sin níos faide ná an t-iompar, is toisc í a bhféadfaí tionchar a imirt uirthi trí bhreithniú ar bhealach níos fearr ar inrochtaineacht agus ar infheictheacht oibríochtaí iompair phoiblí, agus go háirithe seirbhísí tacsaithe. Tá na breithnithe sin tábhachtach freisin maidir le conas a dhéanann an Chomhairle Cathrach an timpeallacht uirbeach a phleanáil agus a dhearadh i ndáil le gníomhaíocht urlár na talún, soilsiú agus faireachas éighníomhach foriomlán ar an spás poiblí.

Tabharfar tús áite sa phlean seo d'fhorbairt córais iompair a fheidhmítear agus a bhainistítear, agus déanfar an ríocht phoiblí a phleanáil agus a dhearadh, agus riachtanais gach cuid den tsochaí ina bpríomh-bhreithniú.



## 16.1 Tosaíochtaí maidir le Comhionannas

- Beidh bonneagar agus seirbhísí iompair inrochtana do chách;
- Iarrfar tuairimí grúpaí a dhéanann ionadaíocht d'earnálacha éagsúla den tsochaí ar bhonn rialta agus le linn comhairliúcháin phoiblí maidir le scéimeanna;
- Beidh mórscéimeanna iompair agus ríochta poiblí uile faoi réir Measúnacht Tionchair Comhionannais;
- Déanfar an córas iompair agus an ríocht phoiblí a dhearadh agus a bhainistiú ar bhealach lena bhféachfar le deireadh a chur le hidirdhealú;
- Cuirfear feabhas ar an tslándáil agus ar dhearcthaí ar an tslándáil do dhaoine a úsáideann iompar poiblí, agus a bheidh ag siúl nó rothaíocht san oíche. Mar shampla, trí fheabhas a chur ar an soilsiú ag stadanna agus ag stáisiúin iompair phoiblí agus feadh pointí rochtana chuig stadanna nó uathu; dearadh i bhfaireachas éighníomhach agus soilsiú ardchaighdeáin feadh bealaí coisithe; agus iompar frithshóisialta thart ar stadanna agus ar stáisiúin a laghdú; agus
- Leanfaidh ÚNI, i gcomhar leis na hoibritheoirí iompair, ag cur feachtais uilechuimsitheachta chun feidhme ar fud an líonra iompair poiblí.

# 17 AN CHATHAIR DO CHÓNAITHEOIRÍ

**Tá cuid de na ceantair is mó a bhfuil daonra iontu sa tír agus cuid den stoc tithíochta is sine i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá réimse leathan pobal scaipthe ar fud an cheantair ag a bhfuil riachtanais iompair éagsúla – ó chónaitheoirí scothaosta a bhfuil cónaí orthu ann ar feadh a saoil go pobail nua daoine óga. Teaghlaigh ag a bhfuil páistí, daoine singile, lánúineacha óga, ó gach cúlra.**

**Tá áiteanna rachmais thall is abhus ann ata in aice le ceantair bhochtaineachta. Cuirtear san áireamh sa phlean seo éagsúlacht leathan riachtanas an iompair i rith an lae, agus cuirtear béim ann go bhfreastalófar ar fhormhór na riachtanas sin trí mhodhanna inbhuanaithe lena dtairgfear na leibhéil is mó inrochtaineachta don réimse is leithne daoine.**

Breathnófar sa phlean seo ar fhorbairt an líonra iompair agus na ríochta poiblí i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath ina gcuirfear san áireamh go hiomlán riachtanais na gcónaitheoirí agus béim ar choincheap na Cathrach 15 Nóiméad agus ar an gcathair mar áit chónaithe.

## 17.1 Tosaíochtaí do Chónaitheoirí Lár na Cathrach

- Cuirfear feabhas ar naisc siúil agus rothaíochta idir bloic chónaithe agus seirbhísí áitiúla, ar nós scoileanna agus siopaí ó thaobh sábháilteachta agus áisiúlachta de;
- Scrúdófar deiseanna chun an ríocht phoiblí a fheabhsú ar scála áitiúil laistigh de chomharsanachtaí cónaithe;
- Déanfar saoráidí iompair, amhail páirceáil rothar pobail nó chomharsanachta a rolladh amach, agus díreofar iad ar na láithreacha sin ina bhfuil tithíocht sraithe den chuid is mó nach bhfuil rochtain chúil nó taoibh acu;
- Éascófar scéimeanna roinnt gluaisteáin i gceantair chónaithe;
- Éascófar seachadtaí chuig cónaitheoirí;
- Déanfar monatóireacht ar an gCaighdeán Aeir agus ar na leibhéil Torainn i Lár na Cathrach agus tabharfar bearta breise isteach más gá; agus
- Tabharfar aghaidh ar pháirceáil chomaitéireachta ar feadh an lae i limistéir lárnacha tríd an gcóras ceada a leathnú.



# 18 AN CHATHAIR GHNÓ

**Is é Lár Chathair Bhaile Átha Cliath croílár tráchtála agus airgeadais na tíre. Tá gluaiseacht éifeachtach daoine, earraí agus seirbhísí ríthábhachtach chun an ról sin a choinneáil ar bun. Is féidir leis an léiriú fisiceach maidir leis sin a bheith idir na hoifigí sna tithe baile Seoirseacha oiriúnaithe ar Chearnóg Mhuirfean agus na túir nua-aimseartha i gCeantar na nDugaí. I dtéarmaí miondíola, tairgeann príomhshráideanna Shráid Grafton agus Shráid Anraí agus an ceantar máguaird comhchruinniú ard agus éagsúlacht siopaí miondíola agus seirbhísí. Anuas air sin, tá saol siamsaíochta, cultúrtha agus sóisialta ardluacha na príomhchathrach, a bhíonn faoi lánseol i Lár na Cathrach sa tráthnóna agus go luath ar maidin. Tá seirbhísiú agus rochtain ag teastáil ó na hearnálacha sin go léir lena gcoinneáil i mbun gnó agus chun go bhfásfaidh siad.**

Agus na cuspóirí ó Chaibidil 6 mar aon le huaillmhianta an Phlean Forbartha á gcur san áireamh, spreagfar leis an bplean seo forbairt Lár Chathair Bhaile Átha Cliath ar bhealach lena gcinnteofar go dtabharfar tús áite do sheachadadh earraí agus do sheirbhísiú thar riachtanais na ngluaisteán príobháideach, agus go ndéanfar iad a chothromú le riachtanais coisithe, rothaithe agus úsáideoirí iompair phoiblí.

## 18.1 Tosaíochtaí do Líonra Seirbhíse agus Seachadta Lár na Cathrach

- Déanfar seachadadh earraí chuig cuideachtaí a bhainistiú i dtéarmaí leithdháileadh spáis bóthair agus amanna rochtana chun iontaofacht agus éifeachtúlacht gheilleagar Lár na Cathrach, seirbhísí iompair phoiblí agus soláthar timpeallachta siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán a choinneáil ar bun;
- Déanfar seachadadh earraí chuig áitribh chónaithe a bhainistiú chun leibhéil chuí rochtana a chinntiú;
- Déanfar bánna lódála a fhorfheidhmiú agus glanfar bacainní a bhaineann le neamhsheachadadh;
- Déanfar monatóireacht ar bhonn leanúnach ar ról na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá ag athrú i mbainistíocht lasta agus seachadta chun tionchar na seachadtaí ar an ríocht phoiblí a íoslaghdú;
- Déanfar iniúchadh ar úsáid lárionad micrea-chomhdhlúthaithe nó pointí solúbtha cliceáil agus bailigh ar leibhéal na comharsanachta, lena n-áirítear úsáid carrchlóis ilstóracha;
- Cuirfear úsáid feithiclí seachadta astaíochtaí ísle agus nialasacha chun cinn, lena n-áirítear aistriú chuig feithiclí níos lú don mhíle deireanach agus do mhicrea-sheachadtaí; agus
- Forbrófar Plean Lasta, Seirbhísithe agus Seachadtaí i Lár na Cathrach
- Aistreofar straitéis bhainistíochta HGVanna CCBÁC i dtreo nach n-eiseofar ceadanna a thuilleadh d'aicme áirithe Euro de HGVanna chun dul isteach sa chathair chun cuidiú le hastaíochtaí a laghdú.

## 18.2 Tionscadal Soláthair agus Seirbhísithe – Ionaid Mhicrea-Chomhdhlúithaith

Is saoráidí iad sin chun earraí a chomhdhlúthú níos gaire don phointe seachadta. Beidh líonra lárionad micrea-chomhdhlúthaithe a bheidh scaipthe go maith laistigh de Lár Chathair Bhaile Átha Cliath ríthábhachtach chun brú tráchta a mhaolú agus chun seachadtaí a bharrfheabhsú.

Chun éifeachtúlachtaí níos fearr a bhaint amach, ba cheart na hionaid mhicrea-chomhdhlúthaithe sin a lonnú laistigh de mhoil phobail (m.sh. spásanna comhoibrithe, institiúidí oideachais, ollmhargaí) agus moil soghluaisteachta ionas gur féidir le beartáin níos troime a míle deiridh a dhéanamh ar rothar r-lasta. Sainaithneoidh CCBÁC líonra de na hionaid sin mar chuid de chur chun feidhme an phlean seo.

# 19 CATHAIR NA GCUAIRTEOIRÍ

**Is é Lár Chathair Bhaile Átha Cliath an príomhcheann scríbe do chuairteoirí go hÉirinn, agus meallann sé líon suntasach cuairteoirí fóillíochta baile, lena n-áirítear daoine a fhreastalaíonn ar mhórimeachtaí spóirt, ceolchoirmeacha srl. Tá 4 cinn de na 10 ní is díol spéise is mó a dtugann turasóirí cuairt orthu in Éirinn ann agus tá 9 gcinn de na 10 ní is díol spéise saor in aisce is fearr ann agus bíonn go leor mórimeachtaí spóirt idirnáisiúnta agus go leor de na himeachtaí cultúrtha is mó agus is iomráití in Éirinn ar siúl ann.**



Agus na cuspóirí ó Chaibidil 6 mar aon le huaillmhianta an Phlean Forbartha á gcur san áireamh, spreagfar leis an bplean seo forbairt Lár Chathair Bhaile Átha Cliath ar bhealach lena gcinnteofar go n-aithneofar riachtanais iompair inbhuanaithe turasóirí agus cuairteoirí chun na cathrach mar ghné bhunriachtanach de rath an gheilleagair ina iomláine.

## 19.1 Tosaíochtaí maidir le Freastal ar Éileamh do Thurasóirí agus do Chuairteoirí

- Éascófar an t-éileamh taistil ó Thurasóirí agus ó Chuairteoirí go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath trí mhodhanna iompair inbhuanaithe;
- Déanfar monatóireacht ar úsáid lánaí bus do chóistí turasóireachta agus do bhusanna turais lena chinntiú nach mbeidh drochthionchar acu ar sheirbhísí comaitéireachta rialta, go háirithe ag buaic-uaireanta;
- Comhordófar na socruithe tuirlingthe agus bailithe do chóistí turasóireachta ag nithe is díol spéise do chuairteoirí, lena chinntiú go ndéanfar spás cholbhaí an chosáin i Lár na Cathrach a bhainistiú go cuí.
- Déanfar faisnéis taistil agus treochomharthaíochta a chothabháil agus a fheabhsú laistigh d'fhormáid ar an tsráid agus d'fhormáid dhigiteach Lár Chathair Bhaile Átha Cliath;
- Coinneofar seirbhísiú na mór-óstán ar bun agus riachtanais úsáideoirí iompair phoiblí, coisithe agus rothaithe á gcur san áireamh; agus
- I bpleanáil agus i ndearadh na mbeart iompair inbhuanaithe, tabharfar aird ar riachtanais rochtana agus seirbhísithe na mór-nithe agus díol spéise do Thurasóirí agus do Chuairteoirí.

## 19.2 Tionscadal Turasóireachta – Plás Theampall Chríost

Tá Plás Theampall Chríost ina phríomhnód do Thurasóireacht Bhaile Átha Cliath. Tá sé ina chuid den chnámh droma cathartha a nascann Cearnóg Parnell le hArdeaglais Chríost. Tá sé ina chuid den nasc le Stóras Guinness agus Ardeaglais Phádraig freisin. Tá timpeallacht naimhdeach, il-lánaí ar a mbíonn gluaisteáin den chuid is mó ag baint leis an acomhal ag Sráid Phádraig/ Sráid Ard/Plás Theampall Chríost agus Sráid an Fhíona i láthair na huaire. Mar chuid den phlean seo, i gcomhar leis an scéim CBC BusConnects ar Shráid Phádraig agus ag tógáil ar na bearta eatramhacha rothaíochta atá i bhfeidhm inniu, tá sé beartaithe aghaidh a thabhairt air sin tríd an gceannasaíocht feithiclí sin a laghdú agus ríocht phoiblí leathnaithe a sholáthar, lena n-áirítear an spás in aice le Páirc na Síochána a cheangal ar bhonn níos foirmiúla.

# 20 CATHAIR AN SPÁIS PHOIBLÍ

**Tá líon spásanna poiblí ardchaighdeáin i mBaile Átha Cliath, amhail Cearnóg Mhuinseo agus Faiche Stiabhna. Forbraíodh go leor díobh sin le linn na ré Seoirsí agus, cé is moite de cheantair athghiniúna cheantar na nDugaí agus Bharra an Teampaill, níor cuireadh mórán spásanna le Lár na Cathrach le blianta beaga anuas. Mar gheall ar an mbrú chun deiseanna athfhorbartha laistigh den chroílár go ginearálta a uasmhéadú agus ar na dúshláin a bhaineann le forbairt na mbloc mór uirbeach amhail Sráid Uí Chonaill Uachtarach le chéile, tá easpa spáis phoiblí oscailte ann ag am a bhfuil an t-éileamh ag méadú mar gheall ar an athfhorbairt lena gcuirtear cosc air a bheith ag teacht chun cinn.**

Tá sé mar aidhm leis an bplean seo gné lárnach den phleanáil do Lár na Cathrach a dhéanamh den ríocht phoiblí go príomha trí athdháileadh spáis bóithre a lorg, ach freisin trí idirghabhálacha áitiúla ar na cosáin agus ar na sráideanna coisithe atá ann cheana féin a éascú agus a chur chun cinn.



## 20.1 Tosaíochtaí do Ríocht Phoiblí Lár na Cathrach

- Leas a bhaint as an spás atá cruthaithe leis na socruithe athbhreithnithe bainistíochta tráchta i gcroílár na cathrach chun deiseanna nua don ríocht phoiblí agus spásanna nua do dhaoine seachas do ghluaisteáin a chruthú;
- Beidh rochtain ag cách ar spásanna poiblí;
- Díreofar ar an Life, ar na Canálacha agus ar ghnéithe móra eile i mbearta ardchaighdeáin na ríochta poiblí;
- Beidh an bhithéagsúlacht ina hábhar lárnach maidir le forbairt agus cothabháil spásanna glasa sa chathair, agus spásanna oscailte crua nua;
- Cuirfear feabhas ar an ríocht phoiblí trí thranglam a ghlanadh; comharthaíocht as feidhm a bhaint; troscán sráide nua a sholáthar; spásanna cruinnithe agus spásanna crochta thart orthu a sholáthar; bearta feabhsaithe slándála a sholáthar; agus déanfar iad a fhorbairt ar bhonn rochtain phoiblí uilíoch; agus
- Beidh dearadh uirbeach, oidhreacht ailtireachta, inúsáidteacht agus tarraingteacht ina mbreithnithe tábhachtacha i bpleanáil agus i bhforbairt ríocht phoiblí Lár na Cathrach.

# 21 MEASÚNACHT TIMPEALLACHTA

**Tá Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus Measúnacht Chuí (MC) á ndéanamh in éineacht le hullmhú an phlean. Comhtháthaíodh gach moladh a d'eascair as na próisis MST agus MC sa phlean. Tá go leor de na moltaí sin leagtha amach sa Tuarascáil Timpeallachta MST agus sa Ráiteas Tionchair Natura; ach tá mionsonraí ar chuid de na moltaí níos straitéisí sonraithe thíos. Le comhlíonadh na mbeart sin éascófar cosaint agus bainistíocht comhshaoil.**

## 21.1 Creat Pleanála níos leithne agus an Creat Rialála maidir le Cosaint agus Bainistíocht Comhshaoil

AMar a sonraíodh níos luaithe, comhlánófar leis an bplean, agus tacóidh sé, le cur chun feidhme Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028 agus na Straitéise Iompair do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath 2022-2042 trí chreat níos mionsonraithe a sholáthar chun feabhas a chur ar an gcóras iompair laistigh de Lár na Cathrach.

Lena gcur i gcrích, caithfidh na tionscadail a shainaithneofar sa phlean sin (ar bhealach cosúil le tionscadail eile ó aon earnálacha eile) cloí, de réir mar is cuí, le reachtaíocht, beartais, pleananna agus cláir éagsúla (lena n-áirítear ceanglais maidir le Measúnacht Chuí agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar leibhéal níos ísle agus ceanglais cheadúnaithe eile de réir mar is cuí) atá ina gcuid den chreat reachtúil cinnteoireachta agus deonaithe toilithe. Is foráil shonrach den phlean seo é a chinntiú go gcloífear le linn chur chun feidhme an Staidéir seo leis na forálacha uile ó Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath agus ón Straitéis Iompair do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath a shainaithnítear mar mhaolú sa Tuarascáil Timpeallachta MST agus sa Ráiteas Tionchair Natura a ghabhann leis an Staidéar.

Agus an plean sin á chur chun feidhme, rannchuideoidh an Chomhairle Cathrach go carnach – i gcomhar le húsáideoirí agus comhlachtaí eile – le cuspóirí an chreata rialála um chosaint agus bainistiú comhshaoil a bhaint amach agus cinnteoidh sí go gcomhlíonfaidh pleananna, cláir agus tionscadail Treoracha an Aontais – lena n-áirítear an Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE), an Treoir maidir le hÉin (2009/147/CE), an Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (2011/92/AE, arna leasú ag 2014/52/CE) agus an Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta 2001/42/CE) – agus na Rialacháin trasuímh ábhartha.

## 21.2 Cinnteoireacht ag Leibhéil Níos Ísle

Ba cheart go mbreithneofaí i leibhéil níos ísle cinnteoireachta agus measúnaithe timpeallachta na híogaireachtaí timpeallachta arna sainaithint i gCuid 4 de Thuarascáil Timpeallachta MST lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta
- Gnéithe den tírdhreach lena soláthraítear naisc/nascacht le láithreáin ainmnithe (m.sh. sruthchúrsaí agus limistéir gnáthóg leathnádúrtha, amhail coillearnach líneach);
- Uiscí Salmainidí;
- Uiscí Sliogéisc;
- Anaclanna Dúlra;
- Ceantar Oidhreachta Nádúrtha:
- Limistéir ar dóigh go mbeidh gnáthóg atá liostaithe in Iarscríbhinn 1 den Treoir maidir le Gnáthóga iontu;
- Iontrálacha sa Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna agus Criosanna Poitéinsil Seandálaíochta;
- Iontrálacha sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta
- Láithreáin neamhshainithe atá tábhachtach do speicis éan geimhrithe nó pórúcháin a bhfuil imní caomhantais ag baint leo;
- Limistéir Chaomhantais Ailtireachta; agus
- Láithreáin Orduithe um Limistéir Taitneamhachta Speisialta agus ainmniúcháin tírdhreacha ábhartha eile.

## 21.3 Próiseas Roghnúcháin Conairí agus Bealaí

Tabharfar faoin bPróiseas Roghnúcháin Conairí agus Bealaí seo a leanas i leith bonneagar ábhartha nua:

Céim 1 – Sainaithint, Meastóireacht agus Roghnú Conairí-Bealaí; agus
Céim 2 – Sainaithint, Meastóireacht agus Roghnú Bealaí.

Sa dá chéim, beidh srianta agus deiseanna timpeallachta ina bpríomhthosca agus iarrfar comhairle ar speisialtóirí ábhartha. Úsáidfear sonraí allamuigh a bhaineann go sonrach le láithreán freisin. Aithnítear an gá atá le ceisteanna eile pleanála agus iompair a bhreithniú chomh maith.

## 21.4 Measúnacht Chuí

Déanfar gach tionscadal agus plean a eascróidh as an bplean sin a scagadh don ghá le Measúnacht Chuí a dhéanamh faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga. Bunaithe ar fhianaise eolaíoch, ar Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí, agus ar Mheasúnacht Chuí ina dhiaidh sin más gá, ní dhéanfar plean nó tionscadal a údarú ach amháin i ndiaidh don údarás inniúil an méid seo a leanas a chinntiú maidir leo:

- Ní eascróidh éifeachtaí díobhálacha díreacha, indíreacha nó tánaisteacha ar shláine aon láithreáin Eorpaigh (ina aonar nó i gcomhair le pleananna nó tionscadail eile) as an bplean nó as an tionscadal; nó
- Beidh drochthionchar suntasach ag an bplean nó ag an tionscadal ar shláine aon láithreáin Eorpaigh (nach bhfuil cineál gnáthóige nádúrtha tosaíochta/nó speicis tosaíochta iontu), ach níl aon réitigh eile ann agus ní mór an plean nó an tionscadal a chur i gcrích mar sin féin ar chúiseanna ríthábhachtacha a bhaineann le leas sáraitheach an phobail, lena n-áirítear na cinn de chineál sóisialta nó eacnamaíoch. Sa chás sin, beidh sé ina cheangal cloí le nósanna imeachta atá leagtha amach sa reachtaíocht agus aontú leis na bearta cúitimh uile is gá agus tabhairt fúthu chun comhleanúnachas iomlán Natura 2000 a chosaint; nó
- Beidh drochthionchar suntasach ag an bplean nó ag an tionscadal ar shláine aon láithreáin Eorpaigh (ina bhfuil gnáthóg nádúrtha agus/nó speiceas tosaíochta) ach níl réitigh mhalartacha ar bith ann agus ní mór an plean nó an tionscadal a chur i gcrích mar sin féin ar chúiseanna ríthábhachtacha a bhaineann le leas sáraitheach an phobail, teoranta do chúiseanna sláinte an duine nó sábháilteacht an phobail, d'iarmhairtí tairbhiúla a bhfuil tábhacht phríomhúil leo don timpeallacht nó, de thoradh ar thuairim ón gCoimisiún, do chúiseanna ríthábhachtacha eile a bhaineann le leas sáraitheach an phobail. Sa chás sin, beidh sé ina cheangal cloí le nósanna imeachta atá leagtha amach sa reachtaíocht agus aontú leis na bearta cúitimh uile is gá agus tabhairt fúthu chun comhleanúnachas iomlán Natura 2000 a chosaint.

## 21.5 Láithreáin Natura 2000 a Chosaint

Aon tionscadal as a n-eascraíonn tionchair dhíobhálacha ar shláine láithreán Eorpach (go carnach, go díreach nó go hindíreach) a eascraíonn as a méid nó a scála, tógáil talún, gaireacht, riachtanais acmhainní, astaíochtaí (diúscairt sa talamh, san uisce nó san aer), riachtanais iompair, fad ama tógála, oibriú, díchoimisiúnú nó aon éifeachtaí eile ar bhonn an phlean seo (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile), ní cheadófar iad ach amháin

mar a fhoráiltear in Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga, is é sin: a) ní mór nach bhfuil aon réiteach eile ar fáil; b) ní mór cúiseanna ríthábhachtacha a bheith ann a bhaineann le leas sáraitheach an phobail chun dul ar aghaidh leis an tionscadal; agus c) ní mór go mbeidh bearta cúitimh leordhóthanacha i bhfeidhm.

## 21.6 An tAthrú Aeráide, Astaíochtaí agus Fuinneamh

Mar a shainaithnítear sa Tuarascáil Timpeallachta MST a ghabhann leis an bplean seo, éascaítear leis an bplean soghluaisteacht inbhuanaithe agus éifeachtaí dearfacha gaolmhara, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le:

- Laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus baint amach gaolmhar spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí de;
- Laghduithe ar astaíochtaí aeir agus baint amach gaolmhar na gcuspóirí maidir leis an gcaighdeán aeir, rud a chuireann le feabhsú ar cháilíocht an aeir agus le sláinte an duine a chosaint;
- Laghduithe ar ídiú foinsí fuinnimh neamh-inathnuaite agus baint amach spriocanna fuinnimh in-athnuaite atá ceangailteach de réir dlí; agus
- Slándáil fuinnimh.

Agus an plean á chur chun feidhme, tacóidh an Chomhairle Cathrach, mar aon le forálacha Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath agus na Straitéise Iompair do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath, forálacha ábhartha atá sa Phlean Náisiúnta um Fhuinneamh agus Aeráide, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (2023), an Creat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide (2018), an Plean Náisiúnta Maolaithe (2017), Plean Gníomhaithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar son na hAeráide 2019-2024 agus Plean Oiriúnaithe Earnála na Roinne Iompair don Bhonneagar Iompair, a thógann ar “Pleanáil don Oiriúnú 2017 – Athléimneacht i leith an Athraithe Aeráide a Fhorbairt in Earnáil Iompair na hÉireann”.

Agus tuiscint acu ar an ngá le hastaíocht a laghdú, féachfaidh CCBÁC agus ÚNI le tús áite a chinntiú do roghanna iompair lena ndéanfar soláthar do laghduithe aonaid ar astaíochtaí carbóin. An bealach is éifeachtaí chun é sin a bhaint amach is ea iompar poiblí, siúl agus rothaíocht a chur chun cinn, agus trí iarracht ghníomhach a dhéanamh le húsáid gluaisteán a laghdú i gcásanna ina bhfuil roghanna eile ar fáil. Le linn ullmhúcháin agus/nó athbhreithnithe beartas agus pleananna a bhaineann leis an athrú aeráide, astaíochtaí carbóin agus úsáid fuinnimh, féachfaidh CCBÁC agus ÚNI le cuspóirí an phlean a chomhtháthú, de réir mar is cuí.

Trí chuidiú le laghdú ar úsáid an ghluaisteáin phríobháidigh le haghaidh turas, déantar soláthar sa phlean do laghdú foriomlán ar an líon daoine a nochtar do thruailliú ó astaíochtaí san aer, lena n-áirítear leibhéil do-ghlactha torainn ó thrácht, go háirithe laistigh de Lár na Cathrach. Breithníodh sa phlean go bhféadfadh tionchair fhéideartha logánta a bheith mar thoradh ar dhíláithriú tráchta i dtéarmaí nochtadh méadaithe an daonra do thruailleáin aeir agus/nó leibhéil ardaithe torainn agus sainaithníodh ann nach dócha go mbeidh tionchair den sórt sin suntasach. Beidh gá le hidirghabhálacha beartaithe lena léiriú go bhfuil siad ag teacht leis na ceanglais reachtaíochta ábhartha go léir.

## 21.7 Moltaí Eile ón MST agus ón MC

Agus an Plean á chur chun feidhme, cinnteoidh an Chomhairle Cathrach go gcloífear leis na bearta atá san áireamh i dTábla 9.3 den Tuarascáil Timpeallachta MST agus sa Ráiteas Tionchair Natura.



# 22 MONATÓIREACHT

Rinneadh na measúnuithe seo a leanas ar an bplean:

- Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta;
- Measúnacht Chuí;
- Samhaltú Iompair.

Ciallaíonn na Measúnuithe sin, chomh maith leis an gceanglas ginearálta lena thuiscint cé chomh maith agus a d’éirigh le torthaí an phlean i gcoinne na Físe agus na gCuspóirí, go bhfuil gá le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean.

Mar chuid den phlean seo, cuirfidh ÚNI agus CCBÁC monatóireacht bhliantúil mhéadaithe i bhfeidhm ar an méid seo a leanas laistigh de na Canálacha:

- Comhaireamh Tródaim na gCanálacha maidir le taisteal ar gach modh;
- Comhaireamh Dhroichead na Life maidir le taisteal ar gach modh;
- Torthaí Monatóireachta ar an gCaighdeán Aeir;
- Monatóireacht torainn;
- Amanna turais iompair phoiblí trí Lár na Cathrach;
- An líon paisinéirí iompair phoiblí;
- Dul chun cinn maidir le cur chun feidhme bhearta Phlean Lár na Cathrach





# 23 TAIRBHÍ AN PHLEAN

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhthairbhí féideartha a bhaineann le cur chun feidhme Phlean Lár na Cathrach mar a leanas:

- Laghdú suas le 60% ar thrácht na ngluaisteán i Lár na Cathrach de;
- Amanna turais níos iontaofa do thrácht atá riachtanach go heacnamúil;
- Astaíochtaí CO2 laghdaithe i Lár na Cathrach mar gheall ar laghdú 34% ar an líon ciliméadar a thaistealaítear i ngluaisteán príobháideach;
- Feabhas ar an gCaighdeán Aeir de bharr leibhéil laghdaithe tráchta;
- Laghdú ar an daonra a nochtar do thorann tráchta de bharr leibhéil laghdaithe tráchta;
- Daonra níos gníomhaí agus níos sláintiúla mar gheall ar mhealltacht mhéadaithe an tsiúil agus na rothaíochta;
- Riosca laghdaithe tuairteanna tráchta de bharr leibhéil laghdaithe tráchta;
- Oidhreacht ailtireachta Lár na Cathrach a chosaint ar thionchair dhiúltacha tráchta gluaisteán;
- Oibríochtaí iompair phoiblí éifeachtacha agus iontaofa mar thoradh ar thosaíocht fheabhsaithe agus laghdú ar thrácht gluaisteán;
- Saoráidí rothaíochta feabhsaithe i gcomhthéacs sábháilteachta, áisiúlachta agus inléiteachta;
- Timpeallacht fheabhsaithe do choisithe le cosáin níos leithne agus trasrianta feabhsaithe;
- Nascacht thraschathrach feabhsaithe do choisithe le 30% níos lú ama ag feithimh ag acomhail agus iad ag siúl ó Fhaiche Stiabhna go dtí an Túr Solais, agus laghdú 17% ar am feithimh coisithe ag Droichead Uí Chonaill;
- Buntáistí suntasacha ríochta poiblí trí spásanna poiblí nua;
- Timpeallacht iompair níos cuimsithí i Lár na Cathrach; agus
- Córas iompair i Lár na Cathrach ar féidir leis freastal ar fhás suntasach ar an daonra; gníomhaíocht eacnamaíoch; beogacht shóisialta; ní is díol spéise cultúrtha; turasóireacht; agus na gnéithe eile go léir a bhaineann le príomhchathair Eorpach forásach nua-aimseartha.

Ceapann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ÚNI go gcuirfear ar fáil leis an infheistíocht atá le teacht i mbonneagar iompair inbhuanaithe, mar atá curtha le chéile sa Straitéis Iompair agus sa Phlean Forbartha, nuair a bhreathnaítear air i gcomhthéacs athruithe bunathraitheacha le fiche bliain anuas, deis chun leanúint ar aghaidh leis an timpeallacht iompair agus tráchta a sholáthar lena féidir Lár Cathrach níos inbhuanaithe, níos éifeachtaí agus níos mealltaí a sholáthar.



# 24 SOLÁTHAR

## 24.1 Amlínte don Chur Chun Feidhme

Cuirfidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhar le ÚNI, tús leis an bpróiseas maidir le haschuir an phlean seo a chur chun feidhme, nuair a thabharfar chun críche i ndiaidh comhairliúcháin é, i gcomhréir leis an gcuspóir foriomlán maidir le Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath a sholáthar.

Déanfar pleanáil agus comhordú cúramach leis an gcur chun feidhme lena chinntiú gur féidir leis an gcathair leanúint ar aghaidh ag feidhmiú, agus lena chinntiú go ndéanfar an t-aistriú ar an dóigh a mbogann daoine agus earraí laistigh de lár na cathrach a chéimniú agus a bhainistiú go cuí.

Ba chóir a thuiscint go soiléir gur sceideal imlíne é sin, agus ní foláir go mbeidh sé solúbtha chun teacht leis na deiseanna agus na srianta féideartha a thiocfaidh chun cinn sa phróiseas soláthair. Go suntasach, beidh breithnithe pleanála agus amlínte, chomh maith le breithnithe airgeadais ann, a mbeidh tionchar díreach acu ar sceidil.

I gcomhar le cur chun feidhme na mórscéimeanna atá leagtha amach anseo, leanfaidh CCBÁC, i gcomhar le ÚNI le scéimeanna agus idirghabhálacha níos lú a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thacóidh leis na prionsabail atá leagtha amach sa phlean seo, agus a chuirfidh le Cuspóirí an Phlean Forbartha a bhaint amach.

| BEARTA PLEAN LÁR NA CATHRACH | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Faiche an Choláiste agus Sráid an Dáma Saor ó Thrácht | | ● | ● | | | | |
| Geata Bus Shiúlán Bhaitsiléir | ● | | | | | | |
| Geata Ché Aston | ● | | | | | | |
| Cosc ar chasadh ar chlé – Rae an Iarthair go Sráid an Phiarsaigh | ● | | | | | | |
| Athchumrú Shráid na Teamhrach /Shráid an Phiarsaigh | | ● | ● | | | | |
| Rotharbhealach Eatramhach na Life | ● | ● | | | | | |
| Rotharbhealach ó Chluain Tarbh go Lár na Cathrach | ● | | | | | | |
| Sráid Chéipil a chur ar Bhonn Foirmiúil | ● | | | | | | |
| Sráid na Parlaiminte, Sráid Saor ó Thrácht | | ● | | | | | |
| Feabhsú Ríochta Poiblí Shráid Gardiner | ● | ● | ● | | | | |
| Cé Theach an Chustaim nó Plás Beresford | | ● | ● | ● | ● | | |
| Plás Lincoln (faoi réir measúnú) | | ● | ● | | | | |
| MÓRSCÉIMEANNA IOMPAIR | | | | | | | |
| Feabhsuithe ar Sheirbhís BusConnects | ● | ● | | | | | |
| Scéimeanna na gConairí Bus Lárnacha BusConnects | | | | ● | ● | ● | ● |
| DART+ West and DART+ South West | | | | | | ● | ● |

Fíor 24.1 – Soláthar Phlean Iompair Lár na Cathrach



Jacobs

Challenging today.
Reinventing tomorrow.